Turasóireacht Éireann

Plean Corparáideach 2008-2010

16 Deireadh Fómhair 2007

Dréachtphlean Corparáideach Thurascóireacht Éireann 2008-2010

Aighneacht Ullmhaithe don Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta agus don Roinn Fiontair, Trádála agus Infheistíochta.

Achoimre Fheidhmeach

Ó ghlac Turasóireacht Éireann freagracht as margaíocht na turasóireachta sa bhliain 2002, tá dearcadh muiníneach oileán na hÉireann as a cumas chun sciar sláintiúil den mhargadh domhanda turasóireachta a ghabháil chuici féin ag méadú. Tá a chruthú sin le fáil i dtrí fhíric shimplí:

- Beidh ioncam ó chuairteoirí ón iasacht go hoileán na hÉireann méadaithe 39% le linn na tréimhse seo
- Beidh méadú 31% ar líon na gcuairteoirí ón iasacht
- Níor mhéadaigh teacht isteach go Domhanda ach 28% agus teacht isteach san Eoraip ach 19% sa tréimhse chéanna, rud a chiallaigh gur mhéadaigh an t-oileán a sciar go hidirnáisiúnta.

Ní mór na dúshláin atá ann don tionscal turasóireachta a chíoradh go mion agus gníomhú go cuí dá réir má tá an leibhéal feidhmiúcháin seo le coinneáil. Tá na rialacha á n-aiscríobh ar fud an domhain ó thaobh taighde agus patrúin áirithinte mar gheall ar an Idirlíon, agus saincheisteanna comhshaoil, slándála, airgeadra agus luaineacht phraghas na hola agus an méadú i dturais chianaistir ag cruthú timpeallacht mhargaíochta atá an-difriúil ón timpeallacht a bhí ann dúinn sé bliana ó shin. Beidh an iomaíocht ag géarú i gcónaí agus rogha i bhfad níos mó cinn sprice, táirgí agus seirbhísí á dtairiscint ná mar a bhí riamh cheana do thomhaltóirí. Is cosúil go mbeidh corraíl dhomhanda agus fadhbanna sláinte ann i gcónaí mar thosca chomh maith.

Tá athrú mór tagtha freisin ar phróifíl ár gcustaiméirí sa tréimhse seo. Tá siad i bhfad níos soghluaiste agus fonn orthu a gcuid ama a úsáid go héifeachtúil, tá rogha an-leathan ar fáil dóibh agus a gceart chun eachtra saoil a dhéanamh as saoire le heispeiris bharántúla á gcur in iúl acu.

Le linn tréimhse Phlean Chorparáideach 2002-2004, gineadh €10.7/£7.2 billiún in ioncam turasóireachta ón iasacht, le 22 milliún turasóir ón iasacht. Le linn saolré an Phlean Corparáidigh ó 2005-2007, táthar ag súil go mbeidh ioncam turasóireachta de níos mó ná €12.9/£8.6 billiún tuillte ag an oileán ó 26 milliún turasóir ón iasacht, agus gur cuairteoirí so-mhargaithe a bhí in 11.8 milliún díobh sin. Le linn saolré an Phlean Corparáidigh 2008-2010, táthar ag súil go mbeidh ioncam turasóireachta sa réimhse

idir €15.7/£10.5 billiún agus €16.1/£10.8 billiún ó idir 29.5 agus 30.3 milliún cuairteoir agus idir 13,7 agus 14.1 milliún turasóir so-mhargaithe gnóthaithe ag an oileán. Léireoidh an toradh méadaithe ionchasach, i measc tosca eile, an infheistíocht mhéadaithe a dhéanfaidh an dá dhlínse le linn na tréimhse seo i gcur chun cinn na turasóireachta.

Tá spriocanna uaillmhianacha againn do na trí bliana atá romhainn. Sprioc ard atá againn agus táimid ag tuar go mbeidh fás ioncaim agus turasóirí níos fearr againn ná mar a bheidh ag ár n-iomaitheoirí san Eoraip agus ar fud an domhain. Dá thoradh sin beidh méadú glan ar ár sciar den mhargadh domhanda, agus beidh níos mó tóir ná riamh ar oileán na hÉireann mar cheann sprice turasóireachta.

Má táimid leis na spriocanna seo a bhaint amach, ní mór trí thosca comhlántacha a fhíorú:

- Infheistíocht éifeachtúil in infheistíocht mhargaíochta a bhainfidh úsáid as na spriocanna agus a chomhlíonfaidh iad.
- Comhpháirtíochtaí éifeachtúla leis an tionscal chun a chur ina luí ar an gcustaiméir teacht anois go hoileán na hÉireann.
- Eispeiris saoire a fhorbairt ó Thuaidh agus ó Dheas a bheidh níos úire, níos fearr agus níos saoire do chuairteoirí as gach cearn den domhan.

Chomh maith leis na tosca thuas, tabharfaidh Turasóireacht Éireann aird ar leith ar cheithre réimse tosaíochta i 2008 a mbeidh tionchar acu le linn saolré an phlean corparáidigh. Is iad sin:

- Branda leasaithe a fhorfheidhmiú d'oileán na hÉireann chun cláir mhargaíochta den chéad scoth a sheachadadh dár spriocmhargadh domhanda. Díreofar ar bhranda uathúil, doshéanta agus inseachadta.
- Caidreamh níos doimhne a fhorbairt leis an gcustaiméir inár ngníomhaíocht mhargaíochta, le tacaíocht ó straitéis Bainistiú Eispeireas Custaiméara a fhorfheidhmiú.
- Caiteachas Thurasóireacht Éireann ar ghníomhaíocht mhargaíochta dhigiteach agus ar fhorbairt idirlín a mhéadú go dtí go mbeidh sé gar don cheathrú cuid dár buiséad iomlán margaíochta faoin mbliain 2010. Cuirfidh an infheistíocht seo ar ár gcumas deiseanna margaíochta don tomhaltóir a fhíorú ar bhealaí nua nuálacha agus beimid in ann freagairt d'athruithe in úsáid na meán.
- Bealaí feabhsaithe a fhorfheidhmiú chun ár n-éifeachtúlacht margaíochta a thomhas. Beidh ár bpríomhtháscairí feidhmíochta á dtabhairt isteach againn i 2008 agus léireoidh siad na

gníomhaíochta ar dóchúla go gcabhróidh siad linn ár spriocanna ioncaim agus méide a bhaint amach; déanfar cumas acmhainní daonna, gníomhaíocht airgeadais, cuspóirí tomhaltóra agus trádála, agus sástacht na bpáirtithe leasmhara a thomhas.

Leis na tosca seo bunaithe agus freastal á dhéanamh ar na tosaíochtaí, tá muinín againn as ár gcumas chun leibhéil fheidhmíochta a bhaint amach a bheidh ina n-údar éada ag a lán dár bpríomhiomaitheoirí, agus go mbeidh oileán na hÉireann bunaithe go daingean mar cheann de na margaí is fearr feidhmíochta i ndomhan na turasóireachta.

1. Cúlra

Ullmhaíodh an cháipéis seo chun freastal ar riachtanais na Comhairle Aireachta Thuaidh-Theas (CATT), na Roinne Fiontair, Trádála agus Infheistíochta (DETI), na Roinne Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta (DAST) agus Ranna Airgeadais an dá dhlínse maidir le Pleanáil Chorparáideach agus Turasóireacht Éireann.

Bunaithe ar an dá Phlean Corparáideach roimhe seo, do 2002-2004 agus 2005-2007, cuireann sé achoimre i láthair dár gcuspóirí, dár ndúshláin, dár straitéis agus de na spriocanna agus na hacmhainní a bhaineann leo agus a bheidh ag teastáil don tréimhse 2008 go dtí 2010.

2. Turasóireacht Éireann: Spriocanna, Fís agus Misean

Sna sé bliana an-iomaíocha ó ghlac Turasóireacht Éireann freagracht as margaíocht oileán na hÉireann thar sáile, measaimid go mbeidh méadú €2.3/£0.86 billiún tagtha ar ioncam ó chuairteoirí agus méadú 2.17 milliún ar líon na gCuairteoirí go hÉirinn, méadú atá beagán níos airde ná na spriocanna a bhí i bplean corparáideach 2002-2007. Thugamar tacaíocht do Thuaisceart Éireann chun a chumas turasóireachta a bhreisiú trí mhéadú 391,000 a bhaint amach i líon na gcuairteoirí le linn na tréimhse seo. Is cúis bróid dúinn a thuairisciú gur sháraigh fás oileán na hÉireann figiúirí Domhanda agus Eorpacha na tréimhse seo, agus gur tháinig méadú 1.0% agus 1.9% faoi seach ar ár sciar den mhargadh.

I dTuaisceart Éireann cuireadh béim ar leith san obair thionscnaimh ar thosca dearfacha ar nós díbhinn na síochána, infheistíocht isteach, rochtain fheabhsaithe agus earnáil turasóireachta níos muiníní, agus bhí cúig bliana rathúla ag an tionscal agus an séú ceann sna sála acu. Tá cumas suntasach ann chun tuilleadh fáis a dhéanamh amach anseo ach ní féidir a bheith róchinnte faoi sin agus beidh infheistíocht agus tiomantas ár gcomhpháirtithe trádála agus tionscail ag teastáil.

Tá Plean Corparáideach nua do na blianta 2008-1010 ag teastáil anois chun tógáil ar a bhfuil bainte amach againn. Dar le Turasóireacht Éireann is cáipéis chumasaithe é an Plean chun fás leanúnach a chinntiú, agus is acmhainn fhuinniúil é chomh maith a athróidh thar am de réir mar a athraíonn cúinsí na margaí go mear.

2.1 Spriocanna Thurasóireacht Éireann

Thar saolré an Phlean Chorparáidigh seo déanfaimid iarracht an dá sprioc seo a sheachadadh:

- an turasóireacht go hoileán na hÉireann a mhéadú
- Tacú le Tuaisceart Éireann chun a cumas turasóireachta a fhíorú.

2.2 Fís Thurasóireacht Éireann

D'fhonn an turasóireacht chun an oileáin a fhás, is í fís Thurasóireacht Éireann a bheith ina dtreoraithe straitéiseacha sa mhargaíocht thar lear trí chláir mhargaíochta chomhtháite den chéad scoth a chruthú agus a sheachadadh. Bainfimid úsáid as cláir oibre margaíochta agus feabhsóimid iad ionas gur féidir díriú go héifeachtúil ar an tomhaltóir chun spéis a spreagadh agus chun ceannach an tomhaltóra a thiomáint. Le doimhneacht ár gcuid tuisceana agus ár gcaidrimh lenár gcustaiméirí beimid in ann seasamh amach sa mhargadh plódaithe. Ag tógáil ar an tuiscint seo ar an tomhaltóir cuirfimid éilimh agus riachtanais an tomhaltóra ar tháirgí agus ar sheirbhísí d'ardchaighdeán in iúl don tionscal agus do na gníomhaireachta turasóireachta, ó Thuaidh agus ó Dheas.

2.3 Misean Thurasóireacht Éireann

Cuirfidh Turasóireacht Éireann an fhis seo i gcrích sna trí bliana atá romhainn ar na bealaí seo a leanas:

- Tabharfar faoi chláir margaíocht ceann sprice chun éileamh a spreagadh chun cuairt a thabhairt ar Éirinn.
- Naisc ghnó a éascú agus tacú leo chun táirge turasóireachta oileán na hÉireann a dháileadh ar dhaoine a d'fhéadfadh a bheith ina gcustaiméirí.
- Feidhmiú mar urlabhraí do thomhaltóirí agus do lucht trádála iasachta trí éabhlóid bhranda na hÉireann a chur in iúl don tionscal maille le caighdeán an eispeireas turasóireachta ar oileán na hÉireann, maille le riachtanais agus éilimh ár gcuid cuairteoirí agus ár gcuairteoirí ionchasacha.
- Tabhairt faoi ghníomhaíochtaí réigiúnacha/táirgí agus tionscnaimh thar ceann Fáilte Éireann agus Bord Turasóireachta Thuaisceart Éireann trínár n-oifigí thar lear.

3. Luachanna eagrúcháin

Chun ár gcuspóirí a bhaint amach, aithníonn Turasóireacht Éireann nach mór dúinn sainmheon atá tiomanta ag an bhfeidhmíocht a chur ar bun le cultúr bainistíochta de réir cuspóirí agus dul chun cinn de réir fiúntais. Tá ár gcuid fostaithe an-luachmhar dúinn, agus dá thoradh sin tá an-mheas acu ar a ngairmeacha sa chuideachta. Tugtar forléargas thíos ar chroíphrionsabail na luachanna eagrúcháin:

- Tá Turasóireacht Éierann tiomanta do leibhéal feidhmíochta a bhaint amach a chuirfidh torthaí den scoth ar fáil do thionscal na turasóireachta ar oileán na hÉireann. Inár gcuid oibre tá paisean, uaillmhian agus fócas.
- Tá meas againn ar dhaoine eile – ár gcomhghleacaithe, ár gcomhpháirtithe gnó, ár bpáirtithe leasmhara agus na cuairteoirí a thagann chuig ár n-oileán.
- Déanaimid ár ndícheall caidreamh a bhunú ar mhuinín, a bheith ionraic agus eiticiúil i ngach a ndéanaimid, agus gníomhú go macánta i gcónaí.
- Creidimid gur chóir dúinn obair le chéile le toil agus le héifeacht.
- Spreagann Turasóireacht Éireann giniúint agus feidhmiú smaointe nua, an cumas chun smaoineamh lasmuigh de ghnáthaimh atá ann cheana, agus an cumas chun coincheapanna nach bhfuil ann fós a shamhlú chomh maith le féidireachtaí nach bhfuil aitheanta ag daoine eile go fóill.
- Tá ardmheas againn ar ár lucht oibre agus ar an gcion a dhéanann siad. Cuirimid na cleachtais acmhainní daonna nua-aimsseartha is fearr i bhfeidhm chun a gcuid riachtanas a phlé le baill na foirne agus lena n-eagraíochtaí ionadacha agus chun a gcuid forbartha a chothú agus a spreagadh. Déanaimid ár ndícheall a bheith ionraic oscailte inár gcuid cumarsáide, éisteacht le tuairimí daoine eile, dícheall agus rathúlacht a aithint agus a cheiliúradh agus cothromaíocht shláintiúil idir obair agus saol a chothú do gach ball foirne.
- Tá Turasóireacht Éireann tiomanta go hiomlán do phrionsabal an chomhionnas deise. Táimid tiomanta do chinntiú go léiríonn ár nósanna imeachta agus ár mbeartais an cleachtas is fearr i leith gach cineál idirdhealú fostaíochta a dhíbirt. Tá ár gcur chuige i leith earcaíochta agus ardú céime bunaithe ar chóras fiúntais agus inniúlachta.
- Táimid tiomanta d'obair i gcomhar chun timpeallacht a sholáthar a chothaíonn agus a thacaíonn le ceart gach duine chun dínite sa láthair oibre. Táimid tiomanta i dTurasóireacht Éireann do chaitheamh le chéile go cothrom agus do mheas a léiriú d'indibhiúlacht agus d'éagsúlacht ár gcomhghleacaithe.

Luach Airgid

Glacann Turasóireacht Éireann go daingean lena fhreagracht ó thaobh luach airgid den scoth a bhaint amach do cháiníocóirí as na hacmhainní atá á leithdháileadh orainn ag Rialtaisí ó thuaidh agus ó dheas agus ag na gníomhaireachtaí turasóireachta. Sna trí bliana atá le teacht, beidh Turasóireacht Éireann ag tógáil ar an gcur chuige atá ann cheana agus beidh ár scileanna á bhfeabhsú againn go leanúnach sna réimsí seo a leanas:

- Gach gníomhaíocht a phleanáil go cúramach sula gcuirtear i bhfeidhm iad. Déanfaimid cinnte go mbeidh cláir ama réadúil agus go mbeidh scóip iontu do luathphleanáil agus do shonraíocht mhiondealaithe ar mhaithe le ham agus acmhainní a shábháil sa bhfadtéarma.
- Bainistiú tionscnamh a neartú laistigh den eagraíocht. Cinnteoimid go mbeidh na hamscálaí réadúil agus go ndéanfar measúnú agus bainistiú ar rioscaí.
- Castacht agus maorlathas a laghdú. Déanfaimid simpliú agus cuíchóiriú ar phróisis chasta a mhéadaíonn costais agus dóchúlacht earráide.
- Táirgiúlacht a fheabhsú. Díreoimid ar tháirgiúlacht trí acmhainní a oiriúnú go cuí do riachtanais an ualach oibre.
- A bheith níos géarchúisí ó thaobh tráchtála. Cinnteoimid bearta níos fearr trí chleachtais éifeachtacha éifeachtúla soláthair.
- Riosca calaoise a laghdú Bainfimid úsáid as faisnéis agus réitigh TF níos fearr d'fhonn riosca calaoise a laghdú.
- Beartais agus cláir thráthúla a fhorfheidhmiú. Cinnteoidh go mbeidh an fhaisnéis is iontaofa againn mar bhonn do chinnteoireacht agus do ghníomhaíochtaí.

Tá Turasóireacht Éireann tiomanta do mhonatóireacht, tagarmharcáil agus athbhreithniú a dhéanamh ar bhonn leanúnach ar ár gcláir mhargaíochta. Cuirfimid córas nua tomhais i bhfeidhm a bheidh bunaithe ar chreat feidhmíocht eagrúcháin chun luach airgid a fheabhsú agus toradh níos láidre a chinntiú ar éifeachtúlacht margaíochta agus ar fheiceálacht iomaíoch.

4. Struchtúr Eagrúcháin Thurasóireacht Éireann

Ar mhaithe leis an éifeachtúlacht oibriúcháin is fearr a chinntiú, tá Turasóireacht Éireann roinnte i dtrí rannóg:

- An Rannóg um Fhorbairt Bhranda agus Margaí
- An Rannóg Margaíochta Lárnach
- An Rannóg Seirbhísí Coparáideacha agus Beartais.

Tá 156 ball foirne ar fad, mar aon le céimithe, socrúchán mic léinn agus gníomhaire ginearálta díolacháin, ag obair sna rannóga seo chun ár gclár cuimsitheach margaíochta agus oibriúcháin a sheachadadh. Déanann triúr Stiúrthóir a bhíonn ag tuairisciú chuig an bPríomhfheidhmeannach bainistiú ar na trí rannóga seo. Bíonn an Príomhfheidhmeannach ag tuairisciú don Bhord go míosúil ar dhul chun cinn agus ar sheachadadh ár gclár margaíochta agus oibriúcháin.

Is í an Chomhairle Aireachta Thuaidh-Theas (CATT) a cheapann Bord Thurasóireacht Éireann. Tá an Bord agus an Príomhfheidhmeannach freagrach as an Plean Corparáideach a fhorfheidhmiú agus a sheachadach don CATT agus as príomhthorthaí Thurasóireacht Éireann a thuairisciú i rith na bliana. Tugtar imlíne de struchtúr na heagraíochta thíos.



5. Athbhreithniú ar an bhFeidhmíocht Eagrúcháin

Tá réimse cuspóirí tábhachtacha corparáideacha aitheanta ag Turasóireacht Éireann i bPlean 2005-2007 chun a shainordú agus a mhisean a sheachadadh. Ba iad seo leanas na cinn ba thábhachtaí:

- Cláir mhargaíochta den chaighdeán idirnáisiúnta is airde a sheachadadh a chuirfidh luachanna branda oileán na hÉireann in iúl, maille lena chroíthairiscintí agus táirgí, trí na cainéil mhargaíochta is oiriúnaí.
- Cumas ríomh-mhargaíochta a bhreisiú i gcomhar le Fáilte Éireann agus Bord Turasóireachta Thuaisceart Éireann.
- Ardáin agus seirbhísí margaíochta thar lear a sholáthar do lucht trádála atá lonnaithe in Éirinn agus thar lear.
- Stiúir straitéiseach a sholáthar don tionscal agus clár cuimsitheach taighde a sheachadadh a aithníonn na margaí ionchasacha agus na tomhaltóirí is fearr don oileán a aithint, maille lena gcuid riachtanais mar a athraíonn siad.
- Athbhreithniú bunúsach a dhéanamh ar oibríochtaí margaíochta agus cur chun cinn ar mhargaí Mhór-Roinn na hEorpa chun an líon lucht turasóireachta ó na margaí sin nár fhás le tamall fada a mhéadú.
- Aerbhealaí breise a lorg i gcomhar le haerlínte agus le húdaráis na n-aerfort agus obair le hiompróirí muirí chun saoire i gcarranna a chur chun cinn.
- Feachtais a fhorbairt agus a fhorfheidhmiú do Thuaisceart Éireann agus do na Réigiúin.
- Obair le Bord Turasóireachta Thuaisceart Éirenn chun céannacht dhearfach a fhorbairt agus a chaomhnú do Thuaisceart Éireann.
- Obair le Bord Turasóireachta Thuaisceart Éireann chun Creat Straitéiseach do Thuaisceart Éireann a réadú agus chun tionchar a imirt ar straitéis fhorbairt táirgí Thuaisceart Éireann.
- Straitéis do Thurasóireacht Gnó a fhorfheidhmiú i gcomhairle le Fáilte Éireann agus Bord Turasóireachta Thuaisceart Éireann.
- Cultúr a chothú ina dtugtar ardluach d'fhostaithe agus ina dtugann siad sin ardluach dá ngairm sa chuideachta.

Bhí sé de sprioc ag Plean Corparáideach 2005-2007 líon na gcuairteoirí go hoileán na hÉireann a mhéadú go 9.1 milliún sa bhliain 2007. Bhí sprioc de 2.1 milliún cuairteoir ann do Thuaisceart Éireann, agus 7.4 miliún sa Deisceart.

Táimid ag tuar go sroichfimid an sprioc do 2007 don oileán le timpeall 9.1 milliún cuairteoir. Sáróidh an fás le linn tréimhse an phlean corparáidigh seo líon na gcuairteanna Domhanda agus Eorpacha, agus dá thoradh sin méadófar ár sciar den mhargadh idirnáisiúnta. Is mar gheall ar fheidhmíocht láidir ó

Mhór-Roinn na hEorpa agus ó Mheiriceá Thuaidh a sáraíodh na spriocanna a socraíodh do na réimsí seo den mhargadh. D'eascair an fás sna margaí seo as fócas agus infheistíocht mhéadaithe ar an margaíocht, as fás agus feabhas an rochtain aeir agus as táirgí agus seirbhísí nua a d'fhorbair an tionscal. Sa chéad dhá bhliain de Phlean Corparáideach 2005-2007, chuir ár margaí traidisiúnta[1] san Eoraip le 53% den fhás ó Mhór-Roinn na hEorpa agus chuir an chuid eile den Eoraip, na tíortha nua aontachais, le 47% den fhás. Tá cuid mhaith de na cuairteoirí as Oirthear na hEorpa comhdhéanta de dhaoine aonair a tháinig go hÉirinn ar son oibre nó chun cuairt a thabhairt ar chairde agus ar ghaolta. Baineann siad úsáid áfach as cuid mhaith de na táirgí turasóireachta ar nós cóiríocht, bia, deoch agus ionaid spéise taistil. Tháinig fás níos lú ar mhargaí na Breataine agus ar Mhargaí Nua agus Margaí atá ag forbairt.

Beidh an fás go Tuaisceart Éireann níos ísle ná mar a bhíothas ag tuar áfach mar gheall ar an laghdú atá tuairiscithe ar chuairteoirí ón mBreatain. Tharla cuid de seo mar gheall ar laghdú i líon na ndaoine a thug cuairt ar chairde agus ar ghaolta agus laghdú in acmhainneacht mara lena n-áirítear cailliúint bhealach mara thábhachtach i 2005. Tá cúinsí eile i gceist agus tá Turrasóireacht Éireann ag díriú ar thuiscint níos fearr a fháil ar na cúinsí agus ar bhealaí nua a fháil chun fás ón mBreatain a spreagadh sna blianta atá romhainn. Sáróidh líon na gcuairteoirí go Tuaisceart Éireann as Mór-Roinn na hEorpa agus Meiriceá Thuaidh an sprioc de 22.4% faoi seach agus beidh fás 76.6% agus 23.3% faoi seach orthu ó 2005-2007. Tá fás maith á léiriú go dtí seo i 2007 ar líon na gcuairteoirí so-mhargaithe go Tuaisceart Éireann.

Tá ár gcroíchuspóirí eile bainte amach againn: feachtais agus ábhair margaíochta a fhorbairt agus gradaim a ghnóthú ar a son, a bhí dírithe go rathúil ar na hionchais is fearr atá againn – "Lucht Iarrtha Radhairc agus Cultúir".

Tá ár gcumais ríomh-mhargaíochta feabhsaithe againn agus rinne muid ár dteachtaireacht tionscnaimh chuig lucht féachana níos leithne a sheoladh i 28 margadh ar 35 suíomh agus i 14 teanga ar ár suíomh idirlín den chéad ghlúin eile. Dearadh na suímh le cinntiú go bhfaigheadh custaiméirí ionchasacha agus custaiméirí a fhilleann seirbhísí faisnéise den chéad scoth agus go bhféadfaí iad a atreorú go héasca do seirbhísí ar líne agus seirbhísí ceannacháin don réimse iomlán táirgí, pacáistí, eitiltí agus báid farantóireachta atá ar fáil. Thug os cionn 14 milliún tomhaltóir cuairt ar www.discoverireland.com le linn tréimhse Phlean Chorparáideach 2005-2007, agus atreoraíodh os cionn 5 mhilliún díobh sin chuig suímh de chuid an tionscail.

Tá leathnú breise déanta againn ar na hardáin mhargaíochta don tionscal turasóireachta, tiomsaíodh foireann leitheadach de os cionn 200 deis mhargaíochta iasachta a thugann deiseanna do sholáthróirí táirgí agus seirbhísí rochtain dhíreach a fháil ar thomhaltóirí thar sáile. Cuireann na hardáin seo ar

[1] Áirítear i measc na Margaí Traidisiúnta Eorpacha An Fhrainc, An Ghearmáin, An Iodáil, An Isiltír, An Spainn, Críocha Lochlann, An Bheilg/Lucsamburg, An Phortaingéil, An Ostair agus An Eilbhéis.

chumas an tionscail a gcuid táirgí agus seirbhísí a chur i láthair na gcustaiméirí ionchasacha is fearr ar an mbealach is éifeachtúla ó thaobh costais.
Tá treoir á thabhairt go leanúnach againn don tionscail faoi na margaí ionchasacha agus na ranna is fearr ar cheart díriú orthu, agus an treoir sin bunaithe ar na tuiscintí atá faighte ónár gclár taighde.
Tá athbhreithniú déanta ar Mhargaí na hEorpa, na Breataine agus Mheiriceá Thuaidh d'fhonn fás leanúnach a sheachadadh d'oileán na hÉireann. Tá ár n-athbhreithniú ar Mhargaí Nua agus Margaí atá ag Forbairt á chur i gcrích againn faoi láthair.
Bhíomar ag obair le haerlínte agus le húdaráis aerfoirt chun seirbhísí breise díreacha, áisiúla iomaíocha a chur chun cinn. Mhéadaigh an rochtain aeir sa samhradh 22% ó 2005 agus tá méadú 29% ar rochtain aeir sa gheimhreadh. Tá feachtais Turasóireachta i gCarr forbartha againn sa Bhreatain i gcomhar le hiompróirí mara d'fhonn rochtain mhara a fhás, agus chonacthas an fás ag filleadh i 2007.

Táimid ag obair go leanúnach le Fáilte Éireann agus le Bord Turasóireachta Thuaisceart Éireann chun ardáin nuálacha a fhorbairt do na custaiméirí ionchasacha is fearr. Seoladh feachtais na "Sár-Réigiún", rud a chuir toise bhreise lenár bhfeachtais fhoriomlána margaíochta agus bhí torthaí dearfacha orthu sin do na réigiúin sa Deisceart.

Tá feachtais mhargaíochta seachadta againn inár gcroímhargaí a bhí dírithe ar Thuaisceart Éireann. Bhímid ag obair le Bord Turasóireachta Thuaisceart Éireann chun Creat Straitéiseach do Thuaisceart Éireann a réadú agus chun tionchar a imirt ar straitéis fhorbairt táirgí Thuaisceart Éireann agus rinneamar comhsheoladh ar ár gcláir mhargaíochta do thionscal Thuaisceart Éireann.

Bhíomar ag obair le Fáilte Éireann, le Bord Turasóireachta Thuaisceart Éireann agus le comhpháirtithe sa tionscal chun na Straitéis Ghnó Turasóireachta a thiomsú. Tá na hacmhainní daonna riachtanacha cionroinnte againn chun díriú go héifeachtúil ar an rannóg seo agus chun an straitéis a sheachadadh.

Tá clár éifeachtúil cumarsáide inmheánach ar bun againn anois. Thug tromlach soiléir den bhfoireann ráta dearfach don chuideachta i suirbhéanna ar shástacht foirne agus táimid rátaithe ar cheann den 50 cuideachta is fearr le hobair leo ar oileán na hÉireann i 2006 agus 2007, agus ar cheann den 100 cuideachta is fearr san Eoraip i 2006.
Aithníodh spriocanna ioncaim don oileán de €4.55/£3.1 billiún sa Phlean Corparáideach do 2005-2007 don bhliain 2007, le spriocanna de €4.0 billiún do Phoblacht na hÉireann agus £374 milliún do Thuaisceart Éireann.

Léiríonn an fhaisnéis is déanaí ón mhargadh go bhfuilimid ar tí na leibhéil fáis atá inár spriocanna a bhaint amach mar a léirítear sa tábla thíos. Cé nach gcuireann na huimhreacha dearfacha cuairteoirí an trádáil dhúshlánach, an brabús lag agus na héagothromaíochatí réigiúnacha atá á bhfulaingt ag earnálacha áirithe san áireamh, léiríonn siad go soiléir mar sin féin an cion atá déanta ag Turasóireacht Éireann chun na cuspóirí atá faomhaithe dó ag an CATT a bhaint amach.

Spriocanna Corparáideacha do Chuairteoirí 2005-2007, Toradh Iarbhír 2005-2007 agus Réamhaisnéis 2007

	2005	2006	2007
Spriocanna Cuairteoirí (000)	8,141	8,564	9,111
Toradh Cuairteoirí (000)	8,114	8,725	9,129*
Spriocanna Ioncaim €m	3,916	4,186	4,550
Toradh Ioncaim €m	3,975	4,313	4,637*
Spriocanna Ioncaim €m	2,623	2,805	3,048
Toradh Ioncaim €m	2,663	2,890	3,107*

*Réamhaisnéis

6. Timpeallacht Dhúshlánach Fhuinniúil

Tá athrú bunúsach tagtha ar an timpeallacht taistil agus turasóireachta ó rinneadh an chéad Phlean Corparáideach a fhorbairt do Thurasóireacht Éireann. Tá éilimh an mhargaí ag forbairt ag ráta atá ag géarú i luas. Tugtar forléargas thíos ar chuid de na dúshláin atá ann do Thurasóireacht Éireann agus don tionscal le linn saolré an Phlean Corparáidi seo.

6.1 An Pictiúr Domhanda Taistil agus Turasóireachta

Tá dúshláin dheacra dhomhanda ann do Thurasóireacht Éireann agus don tionscal agus ní mór monatóireacht a dhéanamh orthu agus gníomhú ina leith má táimid le hiomaíocht a dhéanamh ar son ár sciair den turasóireacht ón iasacht:

- Lean an Euro agus Sterling ag nearú i gcoinne an Dollar agus beidh tionchar diúltach aige ar ar chumhacht ceannaithe na gcuairteoirí ó SAM go dtí an Eoraip agus go hÉirinn. D'fhéadfadh tionchar diúltach a bheith ag luaineacht ghéar i bpraghsanna ola agus ag na fortháillí gaolmhara a chuirtear ar aghaidh go custaiméirí ar thaisteal domhanda, agus ar thaisteal ó mhargaí cianaistir go háirithe.
- Tá níos mó imní ar dhaoine faoin chomhshaol, faoi athrú aeráide, agus go háirithe faoi astaíochtaí carbóin. Is dócha go bpiocfaidh cuairteoirí ceann scríbe a bheidh báúil don chomhshaol sa todhchaí agus táirgí inmharthanacha turasóireachta. Chun astaíochtaí carbóin a laghdú, d'fhéadfadh rialtais eiceacháin a ghearradh ar eitiltí.
- Bíonn tionchar leanúnach ag praghas ar éileamh, rud a neartaíonn treochtaí i leith áirithintí níos déanaí a dhéanamh chuig gach ceann de phríomh-mhargaí an oileáin agus a mhéadaíonn an iomaíocht idir chinn scríbe agus cuideachtaí taistil.
- Beidh tús áite ag slándáil i gcónaí, go háirithe i bhfianaise ionsaithe sceimhlitheoireachta a rinneadh le déanaí agus an baol atá ann go mbeadh teagmhais eile dá leithéid ann. Beidh imní ar thomhaltóirí faoi thaisteal chuig cinn scríbe ina mothaíonn siad go bhfuil a sábháilteacht faoi bhagairt.

6.2 Roghanna Tomhaltóirí

Tá iompar na dtomhaltóirí ag athrú go mear agus ní mór do Thurasóireacht Éireann agus don tionscal freagairt dó seo ionas go mbeidh rath ar ár n-iarrachtaí chun cuairteoirí a mhealladh amach anseo. Áirítear i measc na n-athruithe:

- Tá tomhaltóirí ag éirí i bhfad níos cúramaí faoin gcaoi a gcaitheann siad a gcuid ama saor agus is mian leo an oiread agus is féidir a fháil as. Tá eispeireas chomh hiomlán agus is féidir ag

teastáil uathu agus iad ar saoire. Is iad na cinn scríbe a thairgíonn an deis don tomhaltóir taithí a fháil ar réimse táirgí agus seirbhísí ar an mbealach is éasca is mó a bhainfidh tairbhe as an gclaonadh seo.

- Tá níos mó eispeireas nua fíora á lorg ag tomhaltóirí anois, timpeallachtaí agus cultúir úra, feabhas pearsanta agus fisiciúil agus forbairt mhothúchánach mar shamplaí. Tá táirgí agus seirbhísí níos pearsanta uathu agus níos mó éilimh á dhéanamh acu ar sholáthróirí seirbhís atá oiriúnaithe dóibh go pearsanta a sholáthar.
- Tá athrú ag teacht go háirithe ar an bpróifíl aoise sasn Eoraip; tá an aoisghrúpa 55+ ag éirí níos tábhachtaí mar roinn saoire tomhaltóirí, agus ní mór do chinn sprice díriú orthu le teachtaireachtaí agus táirgí atá curtha in oiriúint dóibh.

6.3 Margaíocht Éifeachtúil

Tá prionsabail agus cainéil chumarsáide margaíochta ag athrú go mear agus ní mór do Thurasóireacht Éireann a bheith in ann forbairt ionas go mbeidh ar a gcumas iomaíocht a dhéanamh sa timpeallacht nua seo. Áirítear i measc na ndúshlán seo:

- Méadú ar choinbhéirseacht, ar bhloghadh agus ar sháithiúchán sna meáin, agus dá thoradh sin níos lú éifeachta ag an gcur chuige traidisiúnta margaíochta a dhírigh ar lucht éisteachta mór. Tá i bhfad níos mó cainéil mheán ann don tomhaltóir ná riamh, lena n-áirítear teilifís saitilíte, teicneolaíochtaí digiteacha agus prionta. Beidh ar chinn sprice a bheith níos cruthaithí agus níos nuálaí ina bhfeachtais mhargaíochta agus in úsáid na meán.
- Tá athrú ag teacht ar na cainéil thraidisiúnta dáiliúcháin. Tá níos mó úsáide á bhaint ag tomhaltóirí as an Idirlíon agus as innil chuardaigh chun taighde a dhéanamh ar tháirgí saoire agus níos mó sonraí ná riamh ag teastáil uathu. Tá réasúnú á dhéanamh ag gníomhairí taistil/oibritheoirí turas nó tá cónascadh á dhéanamh acu le hoibritheoirí ar líne chun iomaíocht a dhéanamh ar an ngréasán. Ní mór do chinn sprice ar nós na hÉireann a gcleachtais margaíochta a fhorbairt chun a chinntiú go ndéanfar táirgí turasóireachta a dhíriú go héifeachtúil ar an tomhaltóir.
- Tá níos mó cumhachta ag tomhaltóirí chun na meáin a úsáideann siad a stiúradh agus na teachtaireachtaí margaíochtaí atá dírithe orthu a theorannú. Tá a gcuid ábhar féin á chruthú acu anois ar ardáin nua meán ar nós YouTube agus MySpace. Beidh sé níos deacra dá bharr seo do cheann scríbe an teachtaireacht atá uathu a sheachadadh chuig cuairteoirí ionchasacha agus smacht a choinneáil ar an teachtaireacht.

6.4 Mealltacht Oileán na hÉireann

Bíonn oileán na hÉireann ag síorathrú agus ní mór do Thurasóireacht Éireann agus don tionscal a bheith eolach faoi na hathruithe sin agus ár ngníomhaíocht margaíochta a oiriúnú dá réir sin. Áirítear i measc na n-athruithe:

- Tugann an fhaisnéis mhargaíochta is déanaí le fios go bhfuil an fháilte chroíúil thraidisiúnta ag meath, cé go bhfuil sí láidir go fóill.
- Tá sochaí ilchultúrtha againn anois agus daoine as gach cearn den domhan ag obair i dtionscal na turasóireachta. Cé go gcuireann sé sin ilghnéitheacht, scileanna nua teanga agus feasacht chultúrtha níos fearr ar fáil, is lú an seans go gcasfar Éireannaigh ar chuairteoirí ón iasacht.
- Meastar go bhfuil comhshaol, tírdhreach agus radharcra an oileáin ag meath chomh maith.
- Tá meath leanúnach ag teacht ar an mbraistint go bhfuil luach airgid le fáil sa deisceart.
- Beidh sé deacair dáileadh réigiúnach a bhaint amach ó thaobh cuairteoirí mar gheall ar an bhfás atá ar chuairteanna gearra agus ar an éileamh ar shaoire sna cathracha.
- Beidh infheistíocht leanúnach agus forbairt ar réimse leathan táirgí turasóireachta ag teastáil i dTuaisceart Éireann chun fás leanúnach a bhaint amach as na margaí ón iasacht.

6.5 Forbairt na hEagraíochta

Mar a léiríonn an anailís thuas, tá réimse dúshlán sa mhacra-thimpeallacht ina bhfeidhmíonn Turasóireacht Éireann ó thaobh margaíocht a dhéanamh ar oileán na hÉireann thar lear:

- Méadú san iomaíocht ó chinn scríbe nua agus caiteachas níos mó ar mhargaíocht ó iomaitheorí atá ann cheana.
- Mar gheall ar acmhainní teoranta daonna, beidh sé deacair do Thurasóireacht Éireann leas iomlán a bhaint as margaí nua, foinsí, tíreolaíochtaí agus ranna nua i dtíortha forbartha agus i dtíortha atá ag forbairt.
- Mar go bhfuil níos mó úsáíde á bhaint ag tomhaltóiri as an Idirlíon chun taighde a dhéanamh agus taisteal a chur in áirithe beidh sé ríthábhachtach do Thurasóireacht Éireann a chumais ríomhaireachta a fhorbairt chun freastal ar fhíricí nua an mhargaidh.

Is iad seo na dúshláin is mó atá ann do thionscal na turasóireachta san oileán agus do Thurasóireacht Éireann. Beidh réitigh suntasacha straitéiseacha de dhíth, le tacaíocht ó infheistíocht mhéadaithe agus spriocdhirithe. Tá fórsaí dearfacha ann áfach a cabhróidh linn freagairt do na dúshláin atá romhainn:

- Mar gheall ar mhéadú an rachmais sa Domhan Thiar agus an rochtain ar chinn scríbe nua tá níos mó éilimh ar thaisteal idirnáisiúnta.
- Ní chuireann géarchéimeanna idirnáisiúnta ar nós sceimhlitheoireacht, bagairtí sláinte, nó corraíl pholaitiúil isteach ar thomhaltóirí mar a chuir cheana agus is cosúil go dtagann cinn scríbe chucu féin níos tapúla ó theagmhais ná mar a rinne riamh cheana.

- Mar gheall ar fheabhsú rochtana, go háirithe ó iompróirí ísealchostais, tá sé níos éascaí do thomhaltóirí taisteal go dtí níos mó cinn scríbe ar chostais níos ísle ná riamh. Tá buntáiste díréireach faighte ag oileán na hÉireann as an méadú le blianta beaga anuas.
- Chabhraigh na feabhsúcháin bonneagair agus cóiríochta ar an oileán agus an méadú i ngníomhaíochtaí éagsúla don tomhaltóir, ar nós gníomhaíochtaí cultúrtha agus féilte ealaíne chun eispeireas saoire an chustaiméara a fheabhsú go mór.
- Léiríonn taighde a rinneadh le cuairteoirí ar a mbealach amach as an tir go raibh saoire iontach acu anseo agus gur shásaigh nó gur sháraigh oileán na hÉireann a n-ionchais saoire.

7. Clár Margaíochta agus Eagraíochta

Agus an iomaíocht ag méadú, beidh na trí bliana atá romhainn an-dúshlánach do thionscal na turasóireachta. Le cinn scríbe nua ar fáil don tomhaltóir, ní mór don tionscal táirgí nua agus nuálacha a sheachadadh agus a chinntiú go mbeidh praghsáil iomaíoch in oileán na hÉireann. Ní mór do Thurasóireacht Éireann cláir mhargaíochta den chéad scoth a sheachadadh go leanúnach ar mheáin ar líne agus as líne araon, chun an t-oileán a chur chun cinn mar cheann scríbe a chaithfear a fheiceáil, le cinntiú go seasfaidh oileán na hÉireann amach mar iomaitheoir sna margaí is tábhachtaí agus chun ardáin chuí a sholáthar do lucht trádála.

Tar éis athbhreithnithe ar gach ceann de na croí-cheantair margaíochta agus ainilís a dhéanamh ar an fhaisnéis is déanaí ón margadh, leanfaidh An Bhreatain, Mór-roinn na hEorpa agus Meiriceá Thuaidh ar aghaidh mar na margaí is mó le linn saolré an Phlean Corparáidigh seo, agus beidh deiseanna suntasacha sna Margaí Nua agus sna margai atá ag teacht chun cinn sa bhfadtéarma. Beidh ar an oileán na nithe seo a leanas a dhéanamh chun líon agus sciar an mhargaidh a mhéadú:

- Spriocdhíriú éifeachtúil a dhéanamh ar na custaiméirí is oiriúnaí.
- An teachtairecht cheart a chur in iúl.
- Na táirgí cearta a thairiscint do chustaiméirí ionchasacha.
- Méadú a dhéanamh ar an nuáil in úsáid cainéil mhargaíochtaí d'fhonn ár dteachtaireacht a chur in iúl go héifeachtúil.

Tá "súil straitéiseach" forbartha ag Turasóireacht Éireann chun tosaíocht a thabhairt dár ngníomhaíochta i dtréimhse Phlean Corparáideach 2008-2010. Is é croí na straitéise spriocanna ioncaim, cuairteoirí agus fás so-mhargaithe a sheachadadh. Bainfear í seo amach trí fhócas ar sciar méadaithe den mhargadh, fás a bhaint amach do Thuaisceart Éireann agus sna réigiúin, toradh éifeachtúlacht an mhargaidh a fheabhsú agus seasamh amach ó thaobh iomaíochta agus bainistiú éifeachtúil ar an mbranda. Tá straitéis seacht bpointe forbartha againn chun an fócas a fhíorú agus ár spriocanna a sheachadadh.

Tugtar imlíne den gcaoi a ndéanfaidh Turasóireacht Éireann an 'tsúil straitéiseach' a sheachadadh sna ranna seo a leanas. Tugtar imlíne dár spriocanna ioncaim cuairteoirí agus so-mhargaithe i Roinn 8. Tugtar sonraí ár bhfócas do na trí bliana atá romhainn i Roinn 9. Agus i Roinn 10 déantar na straitéisí a sheachadóidh na spriocanna sin a roinnt i seacht ranna sonracha a imlíniú.

8. Spriocanna

Má bhaintear amach an fás atá tuartha do 2007, ansin beidh na spriocanna a socraíodh do Thurasóireacht Éireann ina Phlean Corparáideach 2005-2007 bainte amach go hiomlán go praicitiúil. Gnóthachan suntasach a bheidh anseo don eagraíocht nuair a chuirtear an fás mall i dturasóireacht Dhomhanda agus Eorpach san áireamh chomh maith leis an timpeallacht dheacair mhargaíochta a bhí ann le blianta beaga anuas.

Agus spriocanna do thionscal na turasóireachta á ndeimhniú, ní mór cúinsí éagsúla a chur san áireamh, ina measc réamhfhaisnéisí fáis don mhargadh amach, forbairtí rochtana agus ionchas an spriocmhargaidh, mara aon leis na dúshláin a imlíníodh cheana. Chomh maith leis sin, is dócha go gcuirfear isteach ar an timpeallacht dhomhanda taistil le linn saolré an phlean ag tubaiste nádúrtha amháin nó breis, ag teagmhais sceimhlitheoireachta nó fiú ag paindéamach. Ina ainneoin seo, tá treocht bhunúsach dhearfach ann fós i leith fhás taisteal turasóireachta go ceann i bhfad.

Agus spriocanna á socrú do 2008-2010, rinne Turasóireacht Éireann athbhreithniú ar chásanna féideartha fáis chun an sprioc is uaillmhianaí agus is cuí don turasóireacht ón iasacht do na trí bliana atá romhainn a dheimniú. Mar go bhfuil muid gar don Eoraip agus go bhfuil eispeiris chultúrtha agus radharcra atá cosúil lenár n-iomaitheoirí san Eoraip á dtairiscint againn do chuairteoirí ionchasacha, measann Turasóireacht Éireann gur tagarmharc cuí í an réamhfhaisnéis amach ó gach ceantar margaidh san Eoraip chun ár spriocanna don todhchaí a shocrú. Ach tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar an sprioc Eorpach, braithimid gur féidir na spriocanna a shíneadh agus a bheith níos uaillmhianaí ná ár n-iomaitheoirí. Táthar á thuar go bhfásfaidh an turasóireacht Eorpach 4,8% ó thaobh ioncaim le linn

saolré an Phlean Corparáidigh, ach creideann Turasóireacht Éireann gur féidir le turasóireacht isteach go hoileán na hÉireann fás os cionn an meán Eorpach agus meánfhás ó idir 6.6% agus 7.5% in ioncam sa bhliain a sheachadadh sna trí bliana atá romhainn. Imlínítear dhá chreatlach sa chairt thíos don fhás ioncaim.



Tá spriocanna níos airde á socrú againn an an gcaoi chéanna d'fhás bliantúil cuairteoirí idir 4.2% agus 5.1% ag am nach bhfuiltear ag súil go bhfásfaidh teacht turasóirí ach 4.1% agus go bhfásfaidh teacht Eorpach ag ráta níos lú fós de 3%.

Creideann Turasóireacht Éireann gur féidir na spriocanna seo atá ag barr an leibhéal ionchais a bhaint amach, a fhad is go ndéantar seachadadh ar na buntoimhdí. Tá méadú ar an infheistíocht margaíochta, feabhsú leanúnach ar rochtain, ar bhonneagar agus ar fhorbairt táirgí, agus críochnú na dtograí atá aitheanta sa Phlean Forbartha Náisiúnta, 'Léaslínte Nua do Thurasóireacht na hÉireann', agus an 'Creat Straitéiseach Gníomhaíochta i dTuaisceart Éireann' san áireamh sna toimhdí seo.

Sa chás seo má thagann athrú mór a cheann nó breis de na cúinsí, ar nós infhaighteacht na n-acmhainní riachtanacha airgeadais, déanfar coigeartú dá réir ar na spriocanna agus ar na pleananna feidhmíochta.

8.1 Spriocanna So-mhargaithe

Tá príomhfhócas margaíochta Thurasóireacht Éireann ar "chuairteoirí so-mhargaithe", .i. iad sin a n-áirítear saoire, foghlaim an Bhéarla, freastal ar chomhdháil/chruinniú corparáideach nó dul ar thuras dreasachta mar chúis ionchasach dóibh teacht ar cuairt, agus ar féidir dul i bhfeidhm orthu oileán na hÉireann a chur san áireamh dá réir sin.

Tá cuairteoirí so-mhargaithe tábhachtach do bhuanú an bhonneagar turasóireachta agus creidimid gur earnáil acmhainneach í seo. Cé go mbíonn mórán earnálacha den tionscal turasóireachta ag brath freisin ar ghnó ó earnálacha nach bhfuil so-mhargaithe, .i. iad sin atá anseo ar son cuspóirí díreacha gnó nó atá ar cuairt ag cairde agus gaolta, éilíonn an tionscal ar gach earnáil feidhmiú go maith chun spriocanna ioncaim a bhaint amach agus brabús a dhéanamh.

Tá na spriocanna do chuairteoirí so-mhargaithe an-uaillmhianach agus tá sé i gceist iad a fhás níos mó ná spriocanna cuairteoirí. Tá sé seo ag dul i gcoinne na treochta fadtéarmaí idirnáisiúna mar ar fhás uimhreacha cuairteoirí níos mó ná uimhreacha so-mhargaithe. Táimid ag díriú ar fhás láidir so-mhargaithe ó gach ceantar de na príomh-mhargaí atá againn. Tiocfaidh an fás is láidre ó Mheiriceá Thuaidh agus ó Mhargaí Nua agus Margaí ag Forbairt agus táimid ag súil le fás leanúnach dearfach ó Mhór-Roinn na hEorpa agus coinníollacha fabhrach i gcónaí. Beidh fás socair ag teacht ón mBreatain, an margadh is mó atá againn, sa tréimhse seo. Tugtar imlíne de na spriocanna so-mhargaithe thíos do na trí bliana atá romhainn de réir ceantar margaidh.

Cuairteorí So-mhargaithe comhlána go hOileán na héireann 2004-2007 & Spriocanna 2008-2010

	2004 Iarbhír	2005 Iarbhír	2006 Iarbhír	2007 Réamhaisnéis	2007-2010 Athrú	2010 Sprioc
	(000)	*(000)*	*(000)*	*(000)*	*%*	*(000's)*
Poblacht na hÉireann	3,521	3,575	3,881	4,129	13.7% to 16.6%	4,694 to 4,816
Tuaisceart Éireann	302	280	292	324	17.2% go 22.3%	379 go 396
Iomlán don Oileán Uile	3,617	3,681	3,952	4,222	14.0% go 17.2%	4,814 fo 4,949

Cuairteoirí So-mhargaithe go Poblacht na hÉireann agus Tuaisceart Éireann de réir Margaidh Réamhaisnéisí 2007 agus Spriocanna 2008-2010

	Poblacht na hÉireann			Tuaisceart Éireann		
	2007 Réamhaisnéis	2007-2010 Athrú	2010 Sprioc	2007 Réamhaisnéis	2007-2010 Athrú	2010 Sprioc
	(000)	*%*	*(000)*	*(000)*	*%*	*(000)*
An Bhreatain	1,846	8.7% go 9.2%	2,007 go 2,016	115	12.5% go 15.1%	129 go 132
Mór-roinn na hEorpa	1,375	15.3% go 19.7%	1,586 go 1,647	85	19.1% go 27.2%	101 go 108
Meiriceá Thuaidh	722	19.3% go 26.0%	861 go 909	84	19.3% go 26.0%	100 go 106
Margaí Nua & Ag Forbairt	186	26.7% go 31.2%	236 go 245	40	21.3% go 25.2%	48 go 50
Iomlán	4,129	13.6% go 16.6%	4,694 go 4,816	324	17.2% go 22.3%	379 go 396

NÓTA: Rinneadh na spriocanna seo a fhorbairt ag baint úsáide as an fhaisnéis reatha is fearr a bhí ar fáil dúinn maidir le feidhmíocht 2007 Is réamhfhigiúirí iad agus déanfar leasú orthu nuair a bheidh feidhmíocht iomlán don bhliain ar fáil.

Mar gheall ar athruithe in iompar na dtomhaltóirí, in inspreagadh taistil, agus fiú ilghnéitheacht nua sa daonra, áfach, creidimid nach mór athbhreithniú a dhéanamh ar shainmhíniú na 'dTurasóirí So-mhargaithe'. Le blianta beaga anuas, tháinig athrú ar chomhdhéanamh ghnó na turasóireachta ar fud an domhain. Tá sé tugtha le fios ag an WTO go bhfuil méadú ar chuairteanna ar ghaolta agus ar chairde, agus go bhfuil feidhmíocht na gcuairteanna saoire níos ísle ná na cuairteanna iomlána. Léiríonn an fhaisnéis is déanaí ón margadh go bhfuil níos mó de na daoine a thagann go hoileán na hÉireann ar ghnó nó ar cuairt ar chairde agus ar ghaolta ag fanacht tamall ar saoire anseo. I bhfianaise na n-athruithe seo, déanfaidh Turasóireacht Éireann athbhreithniú ar an meascán gnó chun an oileáin, go háirithe ó roinn na gcairde agus na ngaolta, agus déanfar iarracht samhail a fhorbairt chun luach eacnamaíocht gach cineál cuairteora a mheas. Úsáidfear an fhaisnéis seo chun an straitéis ceann scríbe is fearr dúinn a dheimhniú.

8.2 Spriocanna Ioncaim agus Cuairteoirí

Tá cuairteoirí go hoileán na hÉireann comhdhéanta de dhaoine a thagann ar ghnó, ar cuairt ar chairde agus ar ghaolta ar ar chúiseanna so-mhargaithe ar nós laethanta saoire, freastal ar chomhdháil nó le páirt a ghlacadh i dtaisteal ar thuras spreagtha nó chun Béarla a fhoghlaim. Ó tharla nach bhfuil gaol soiléir siombóiseach idir iomlán na dturasóirí agus iad sin a thagann ar chúiseanna so-mhargaithe, cabhróidh baint amach tacar spriocanna amháinn linn an ceann eile a fhíorú.

Gintear ioncam as caiteachas na gcuairteoirí ar oileán na hÉireann. Tá gaol ag an bhfás in ioncam mar sin leis an méadú i gcuairteoirí iomlána agus i gcuairteoití so-mhargaithe.

8.2.1 Spriocanna Ioncaim

Le linn saolré an Phlean Corparáidigh 2008-2010, tá sé de chumas ag an turasóireacht idir €15.7/ £10.5 billiú agus os cionn €16.1/£10.8 billiún a ghiniúint d'oileán na héireann in ioncam ón iasacht (gan táillí d'iompróirí a áireamh) agus beidh na leasanna eacnamaíochta seo a leanas ag eascairt as:

a) Méadú ar leibhéal caiteachas tomhaltóira in eacnamaíochtaí an oileáin
b) Cuirfear le leibhéal fostaíochta intíre
c) Cuirfidh sé le cobhsaíocht chomhordú na n-íocaíochtaí
d) Ginfear ioncam breise cánach

Beidh seachadadh an fhás ioncaim ag brath ar an bhfás géaraithe so-mhargaithe a imlíníodh níos luaithe a bhaint amach. Chomh maith leis seo táimid ag brath ar fhás ó chodanna eile den mheascán cuairteoirí, lena n-áirítear cairde agus gaolta, gnó agus eile.

Féadfaidh na spriocanna ioncam an meánfhás tuartha ioncaim don Eoraip agus don Domhan (4.8% agus 6.6% faoi seach) a shárú le linn na tréimhse sin.

Léirítear an fás spriocdhírithe ioncaim agus cuairteoirí sna táblaí thíos:

Ioncam Comhlán ó Chuairteoirí go hOileán na hÉireann
2004-2007 & Spriocanna 2008-2010 (Téarmaí Reatha)

Nóta: €1 = £. 0.67.	2004 Iarbhír	2005 Iarbhír	2006 Iarbhír	2007 Réamhaisnéis	2007-2010 Athrú	2010 Sprioc
Euro	*(€M)*	*(€M)*	*(€M)*	*(€M)*	*(%)*	*(000)*
Poblacht na hÉireann	3,235	3,487	3,809	4,087	21.1% go 24.2%	4,948 go 5,078
Tuaisceart Éireann	431	488	504	550	20.5% go 24.2%	663 go 683
Iomlán don Oileán Uile	3,666	3,975	4,313	4,637	21.0% go 24.2%	5,611 go 5,761

Nóta: €1 = £. 0.67.	2004 Iarbhír	2005 Iarbhír	2006 Iarbhír	2007 Réamhaisnéis	2007-2010 Athrú	2010 Sprioc
Steirling	*(£M)*	*(£M)*	*(£M)*	*(£M)*	*(%)*	*(000)*
Poblacht na hÉireann	2,167	2,336	2,552	2,738	21.1% go 24.2%	3,315 go 3,403
Tuaisceart Éireann	289	327	338	368	20.5% go 24.2%	444 go 458
Iomlán don Oileán Uile	2,456	2,663	2,890	3,107	21.0% go 24.2%	3,759 go 3,861

Nóta: €1 = £. 0.67. Rinneadh na spriocanna seo a fhorbairt ag baint úsáide as an fhaisnéis reatha is fearr a bhí ar fáil dúinn maidir le feidhmíocht 2007 Is réamhfhigiúirí iad agus déanfar leasú orthu nuair a bheidh feidhmíocht iomlán don bhliain ar fáil.

Ioncam ó Chuairteoirí go Poblacht na hÉireann agus Tuaisceart Éireann de réir Margaidh
2007 & Spriocanna 2008-2010 (Téarma Reatha)

	Poblacht na hÉireann			Tuaisceart Éireann		
Nóta: €1 = £. 0.67.	2007 Réamhaisnéis	2007-2010 Athrú	2010 Sprioc	2007 Réamhaisnéis	2007-2010 Athrú	2010 Sprioc
Euro	*(€M)*	*%*	*(€M)*	*(€M)*	*%*	*(€M)*
An Bhreatain	1,401	13.6% go 14.2%	1,591 go 1,599	383	17.0% go 19.3%	448 go 457
Mór-roinn na hEorpa	1,539	23.0% go 27.6%	1,893 go 1,965	94	26.8% go 35.4%	119 go 127
Meiriceá Thuaidh	859	24.6% go 29.6%	1,070 go 1,113	48	27.0% go 33.3%	61 go 64
Margaí Nua & ag Forbairt	291	35.8% go 38.9%	395 go 404	22	38.5% go 42.6%.	30 go 31
Iomlán	4,087	21.0% go 24.2%	4,948 fo 5,078	550	20.4% go 24.2%	663 go 683

	Poblacht na hÉireann			Tuaisceart Éireann		
Nóta: €1 = £. 0.67.	2007 Réamhaisnéis	2007-2010 Athrú	2010 Sprioc	2007 Réamhaisnéis	2007-2010 Athrú	2010 Sprioc
Steirling	*(£M)*	*%*	*(£M)*	*(£M)*	*%*	*(£M)*
An Bhreatain	939	13.6% go 14.2%	1,066 go 1,071	257	17.0% go 19.3%	300 go 306
Mór-Roinn na hEorpa	1,031	23.0% go 27.6%	1,268 go 1,316	63	26.8% go 35.4%	80 go 85
Meiriceá Thuaidh	576	24.6% go 29.6%	717 go 746	32	27.0% go 33.3%	41 go 43
Margaí Nua & Ag Forbairt	195	35.8% go 38.9%	265 go 271	15	38.5% go 42.6%.	20 go 21
IOmlán	2,738	21.0% go 24.2%	3,315 go 3,403	368	20.4% go 24.2%	444 go 458

Nóta: Rinneadh na spriocanna seo a fhorbairt ag baint úsáide as an fhaisnéis reatha is fearr a bhí ar fáil dúinn maidir le feidhmíocht 2007 Is réamhfhigiúirí iad agus déanfar leasú orthu nuair a bheidh feidhmíocht iomlán don bhliain ar fáil.

Tá na réamhaisnéisí ioncaim i dtéarmaí reatha. Tá an boilsciú curtha san áireamh inár bhfortheilgin agus é bunaithe ar réamhfhaisnéis boilscithe Comhdhearcadh Eanamaíochta de 2.1% ó fhigiúirí boilscithe ónár margaí thar lear. Cé go bhfuiltear á thuar go mbeidh boilsciú na hÉireann níos airde sa tréimhse seo, is mó an tionchar a bheidh ag an mboilsciú inár margaí thar lear ar ioncam mar go léiríonn sé sin cumhacht cheannacháin ár gcuairteoirí.

Is spriocanna ioncaim thar a bheith uaillmhianach iad seo ag am a bhfuil an tomhaltóir ag súil leis an luach airgid a thairgíonn an tionscal a mhéadú, trí fhíorlaghduithe i bpraghas nó trí sheirbhísí breise a thairiscint. Chomh maith leis sin, tá an meath san achar ama a chaitear ar saoire ag cur brú breise ar luach gach cuairteora.

8.2.2 Spriocanna Cuairteoirí

Tá spriocanna uaillmhianacha leagtha síos againn chun líon na gcuairteoirí a mhéadú idir 13.2% agus 15.9% sna trí bliana atá romhainn. Tá an sprioc seo bunaithe ar fhás a bhaint amach ar aon dul leis an margadh amach as an Bhreatain, agus fás breise a bhaint amach ón Eoraip mar gheall ar a mhéaduithe i rochtain agus i gcaiteachas margaidh. Táimid ag súíl le fás os cionn an meán amach as Meiriceá Thuaidh mar dheall ar athruithe sna socruithe déthaobhach idir SAM agus Éirinn, ach beidh sé bunaithe ar chiste leanúnach margaíochta do Mheiriceá Thuaidh a fháil maille le hiarracht bhreise chun an tSionnain agus cósta thiar na hÉireann a chur chun cinn. Táimid ag súil le fás láidir sna Margaí Nua agus ag Forbairt (fás os cionn an meán) agus margaí nua ag oscailt, le tacaíocht ó chiste leanúnach forbartha chun leas a bhaint as acmhainneacht an mhargaidh seo.

Cuairteorí Comhlána go hOileán na hÉireann 2004-2007 & Spriocanna 2008-2010

	2004 Iarbhír	2005 Iarbhír	2006 Iarbhír	2007 Réamhaisnéis	2007-2010 Athrú	2010 Sprioc
Euro	*(000)*	*(000)*	*(000)*	*(000)*	*%*	*(000)*
Poblacht na hÉireann	6,384	6,763	7,417	7,786	13.3% to 15.9%	8,818 to 9,027
Tuaisceart Éireann	1,733	1,700	1,702	1,768	13.1% go 15.9%	1,999 go 2,050
Iomlán don Oileán Uile	7,746	8,114	8,725	9,129	13.2% go 15.9%	10,336 go 10,584

Cuairteoirí go Poblacht na hÉireann agus Tuaisceart Éireann de réir Margaidh Réamhaisnéisí 2007 agus Spriocanna 2008-2010

	Poblacht na hÉireann			Tuaisceart Éireann		
	2007 Réamhaisnéis	2007-2010 Athrú	2010 Sprioc	2007 Réamhaisnéis	2007-2010 Athrú	2010 Sprioc
	(000)	*%*	*(000)*	*(000)*	*%*	*(000)*
An Bhreatain	3,821	8.7% go 9.2%	4,155 to 4,173	1,317	10.7% go 12.3%	1,458 go 1,479
Mór-roinn na hEorpa	2,540	15.3% go 19.7%	2,929 go 3,041	234	19.1% go 27.2%	27 go 297
Meiriceá Thuaidh	1,087	19.3% go 26.0%	1,297 go 1,369	151	19.3% go 26.0%	180 go 190
Margaí Nua & Ag Forbairt	339	27.6% go 31.2%	432 go 444	66	22.8% go 25.2%	82 go 83
Iomlán	7,786	13.3% go 15.9%	8,818 go 9,027	1,768	13.0% go 15.9%	1,999 go 2,050

Nóta: Rinneadh na spriocanna seo a fhorbairt ag baint úsáide as an fhaisnéis reatha is fearr a bhí ar fáil dúinn maidir le feidhmíocht 2007 Is réamhfhigiúirí iad agus déanfar leasú orthu nuair a bheidh feidhmíocht iomlán don bhliain ar fáil.

8.3 Fás i dTuaisceart Éireann

Le linn saolré an Phlean Corparáidigh seo, tá sé de sprioc ag Tuaisceart Éireann £1.24 billiún go £1.28 billiún in ioncam turasóireachta a fháil, méadú idir 2.0.5% agus 24.2% ar an toradh a bhí á thuar do 2007 (comhionnan le meánfhás iolrach de 7.5%). Le linn na tréimhse seo, tá an acmhainneacht ann chun 231,000 go 282,000 cuairteoir breise a sheachadadh go Tuaisceart Éireann agus táimid ag tuar go bhfásfaidh cuairteoirí so-mhargaithe níos tapúla go Tuaisceart Éireann ná go Poblacht na hÉireann. Má táthar leis an bhfás seo i gcuairteoirí so-mhargaithe go Tuaisceart Éireann a chinntiú beidh ar an bhfás a bheith níos tapúla ná Oileán na hÉireann sa Bhreatain agus i Mór-roinn na hEorpa agus an leibhéal céanna i Meiriceá Thuaidh. I bhfianaise an fháis ar leibhéal íseal ón mBreatain táimid ag súil le fás an-bhisiúíl a bhaint amach sa mhargadh seo sna trí bliana atá romhainn.

Tá tréimhse dhúshlánach ann do Thuaisceart Éireann ó thaobh forbairt na turasóireachta áfach. Tá an chuma air go bhfuil an leibhéal reatha infheistíochta sa turasóireacht agus i ngníomhaíochtaí cúntacha, idir phríobháideach agus phoiblí, níos ísle i dTuaisceart Éireann ar bhonn pro rata ná mar atá i bPoblacht na hÉireann agus sa Bhreatain. Cé go bhfuil an-rath ar thionscal na turasóireachta i dTuaisceart Éireann faoi láthair, tá sé ag fás ó bhonn íseal. Tá formhór na gcúinsí fabhracha a bhí mar bhonn don bhfás seo curtha san áireamh ag an bpointe seo. Má tá fás céimiúil le baint amach do thionscal na turasóireachta mar sin, ní mór clár cuimsitheach infheistíochta a chur ar bun. Ba chóir don chlár seo a bheith tiománta ag an earnáil phríobháideach le tacaíocht ón earnáil phoiblí trí idirghabhálacha cuí agus infheistíocht i dtionscadail san earnáil phoiblí.

Tacaíonn Turasóireacht Éireann go láidir le dearcadh Choiste Gnóthai Thuaisceart Éireann adúirt ina dtuarascáil 'Tourism in Northern Ireland and its Economic Impact and Benefits' nach mór 'tionscal na turasóireachta i dTuaisceart Éireann a fhorbairt ionas go gcaomhnófar áilleacht na bpríomhionad spéise agus go mbeidh áiteanna compordacha ag daoine chun fanacht iontu nuair a thugann siad cuairt orthu. *Tá bonneagar ag teastáil ón tír a dhéanfaidh an taisteal, ar iompar poiblí go háirithe, níos éasca ná mar atá faoi láthair. Má thugann an rialtas aitheantas do thionchar ollmhór eacnamaíoch na turasóireachta, agus más féidir leis an bhfiontraíocht phríobháideach comhoibriú leis na comhlachtaí reachtúla chun straitéis chomhleanúnach a fhorbairt as an aitheantas sin, níl aon fáth ann nach féidir aithris a dhéanamh ar an rath atá ar an turasóireacht i bPoblacht na hÉireann chun leas oileán na hÉireann uile agus stádas comhionnan le hAlbain agus leis an mBreatain Bheag a bhaint amach do Thuaisceart Éireann mar cheann scríbe turasóireachta sa Ríocht Aontaithe."*

Chomh maith leis sin, tá sé riachtanach infheistíocht a dhéanamh chun na Tionscadail Shíniúcháin a fhíorú. Beidh gá le hinfheistíocht leanúnach sa bhonneagar, i dtáirgí (óstáin d'ardchaighdeán go háirithe) agus i bhforbairt acmhainní daonna chun acmhainneacht iomlán thionscal turasóireachta Thuaisceart Éireann a fhíorú.

Cruthóidh infheistíocht i ngach ceann de na hearnálcha seo timpeallacht chun taitneamh níos doimhne a bhainnt as ár n-oidhreacht chultúrtha ilghnéitheach shaibhir, cruthófar ardán chun rannpháirtíocht i ngníomhaíocht chultúrtha agus spóirt a mhéadú, agus cruthófar eispeireas níos saibhre don turasóir. Beidh tionchar dearfach ag an infheistíocht seo ar an táirge turasóireachta, agus éascófar tuilleadh fáis sa tionscal.

Sa ghearrthéarma is é an rud is tábhachtaí don tionscal turasóireachta fás den chéad scoth a spreagadh as an acmhainneacht atá ann go cinnte. Táthar muiníneach go mbainfear an acmhainneacht seo amach mar gheall ar na sócmhainní iontacha nádúrtha atá i dTuaiseart Éireann, maille lene chultúr saibhir Éireannach, Briotanach agus Albanach Ultach. Ní mór a aithint áfach go bhfuil níos mó iomaíochta ná riamh sa turasóireacht dhomhanda. Beidh an rath sa todhchaí ag brath ar thuiscint chuimsiteach ar riachtanais an tomhaltóra agus ar na hinfheistíochtaí riachtanacha a dhéanamh chun freastal ar na riachtanais sin.

Cé go bhfuil infheistíocht agus forbairt ag teastáil chun leas iomlán a bhaint as amhainneacht turasóireachta Thuaisceart Éireann, creideann Turasóireacht Éireann gur féidir fás níos mó ná rátaí fáis na hEorpa agus an Domhain a bhaint amach i líon na gcuairteoirí agus san ioncam turasóireachta. Is féidir fás a bhaint amach go cinnte thar saolré an Phlean Corparáidigh, go háirithe i bhfianaise an fháis i rochtain dhíreach seirbhísí aeir.

8.4 Fás i bPoblacht na hÉireann

I Mí Mheán Fómhair 2003, d'fhoilsigh rialtas na Poblachta "*Fís don Turasóireacht in Éirinn*: *Clár Oibre don Chur i nGníomh'.* Leagadh amach os cionn 70 eochairphointe gnímh a bhaineann le margaíocht, rochtain, forbairt táirgí, riachtanais bhonneagair agus oiliúna an tioscail, agus ní mór gach ceann díobh a fhorfheidhmiú chun spriocanna uaillmhianacha thionscal na turasóireachta sa Deisceart a sheachadadh.

Bhí forbairtí dearfacha ann lena n-áirítear méadú ar an rochtain aeir go hÉirinn, margaí nua thar sáile a oscailt agus straitéisí nuálacha chun an tionscal a fhorbairt, agus tá an Deisceart dá bharr seo ar bhonn láidir chun fás a dhéanamh sa todhchaí.

Chomh maith leis seo, tá infheistíocht mhór déanta ag an earnáil phríobháideach (€3b/£2billiún le cúig bliana anuas) i bPoblacht na hÉireann, i saoráidí cóiríochta ar nós óstáin den chuid is mó. Tá sé beartaithe ag an bPlean Forbartha Náisiúnta don tréimhse 2007 go 2013 a d'fhoilsigh an Rialtas sa Deisceart go mbeadh caiteachas de €800/£536 milliún déanta in infheistíocht dhíreach turasóireachta sa tréimhse sein, le tacaíocht ó infheistíochtaí gaolmhara i saoráidí ealaíne, cultúrtha agus spóirt de timpeall €2.1b/£1.4 billiún.

Sna trí bliana atá romhainn beidh fás dearfach ioncam idir €13.8 billiún agus €14.2 billiún le feiceáil i bPoblacht na hÉireann. Creideann Turasóireacht Éireann go méadóidh líon iomlán na gcuairteoirí idir 13.3% agus 15.9% agus go bhfásfaidh cuairteoirí so-mhargaithe go Poblacht na hÉireann idir 13.7% agus 16.6%.

9. Fócas

Chun na spriocanna atá molta againn a bhaint amach ní mór do Thurasóireacht Éireann díriú ar na tosaíochtaí straitéiseacha seo a leanas, a sheachadfar trí straitéis seacht bpointe.

- *Fás ar Sciar an Mhargaidh* a bheidh chun tosaigh ar leibhéil Domhanda agus Eorpacha agus spriocanna aonair margaidh chun sciar oileán na hÉireann de chuairteanna Eorpacha a mhéadú.
- *Fás i dTuaisceart Éireann & sna Réigiúin* trí ioncam, cuairteoirí agus cuairteoirí so-mhargaithe a mhéadú ar fud an oileáin.
- *Bainistiú ar an mBranda* trí chinntiú go gcomhlíontar an gheallúint a dhéantar le cuairteoirí ionchasacha san eispeireas a fhaigheann siad ar an oileán.
- *Toradh ar Éifeachtúlacht Margaíochta & Feiceálacht Iomaíoch* trí phróiseas leanúnach feabhsúcháin agus próifíl níos airde a bhaint amach.

10. Straitéis

Tugtar forléargas ar na pleananna straitéiseacha agus gníomhaíochta lena seacht bpointe ar na leathanaigh seo a leanas:

Straitéis Tomhaltóirí

Beidh straitéis tomhaltóirí Thurasóireacht Éireann ag díriú ar éileamh a spreagadh ó na spriocranna agus ar chuairteoirí a mhealladh trí dhoimhneacht ár dtuisceana agus ár rannpháirtíochta, ag cur béime air gurb é seo an t-am le cuairt a thabhairt ar oileán na hÉireann ó na margaí forbartha. I margaí atá ag teacht chun cinn beimid ag díriú ar fheasacht a chruthú faoi oileán na hÉireann i measc custaiméirí ionchasacha.

10.1.1 Fócas ar Thomhaltóirí

Tá a fhócas ar thomhaltóirí forbartha ag Turasóireacht Éireann ó chur chuige deighilte a bhí faoir threoir ag táirgí go cur chuige deighilte níos onnghníomhaí a bheith bunaithe ar riachtanais. Aithníonn an cur chuige seo Lucht Iarrtha Radhairc agus Cultúir mar phríomhroinn a chuirfidh fás buan ar fáil in iocam agus i gcuairteoirí don tionscal.

Sna trí bliana atá romhainn, beimid ag diriú go leanúnach ar an roinn seo, ina raibh 2.5 milliún cuairt mheasta saoire sa bhliain 2006, agus a chruthaigh os cionn €1.6b/£1.1 billiún d'eacnamaíocht an oileáin.

10.1.2 Ár mBranda

I rith na bliana 2007, bhí Turasóireacht Éireann i mbun athbhreithniú ar Bhranda Thurasóireacht Éireann chun tuiscint níos mó agus níos doimhne a fháil ar ar mBranda. Cuirfidh an obair seo ar ár gcumas mealltachtaí éagsúla an bhranda inár gcroímhargaí a dheimhniú. Tá scrúdú á dhéanamh ag an athbhreithniú ar gach gné de bhranda na turasóireacht agus tá comhairliúcháin leitheadach á dhéanamh sa tionscal agus leis na páirtithe leasmhara. Tá bunús agus pearsantacht an bhranda reatha á thriail ag an athbhreithniú le fáil amach ain gá athrú nó forbairt a dhéanamh air. Tá an branda á mheasúnú chun (a) a ghaol leis an eispeireas agus (b) a ábharthacht do na croíghrúpaí sprice a dheimhniú. Tá na hathruithe inár gcultúr agus ilghnéitheacht agus ilchultúrachas ag teacht chun cinn á meas san athbhreithniú. Tá machnamh á dhéanamh againn freisin ar thionchar na bhfeabhsúchán eacnamaíocha ar oileán na hÉireann ar ár mbranda gaus go háirithe ar inmharthanacht chomhshaoil na dtáirgí turasóireachta i ngach ceantar ach go háirithe i gceantair ina bhfuil áilleacht dúlta agus radharcra. Cuirfear torthaí an athbhreithnithe i bhfeidhm sa straitéis tomhaltóirí a bheidh á fhorbairt againn i 2008 agus beidh sé mar chuid d'fheachtas nua margaíochta chun buntréithe agus teachtaireacht ár mbranda nua a chur chun cinn ionas go ndéanfaimid dul chun cinn inár spriocmhargaí. Seolfar

ár bhfeachtas nua margaíochta i 2009. Cuirfimid torthaí na taighde in iúl chun forbairt ár seirbhísí agus ár dtáirgí turasóireachta a stiúrú agus eispeireas feabhsaithe a sheachadadh don chustaiméir.

10.1.3 Cumarsáid leis an Tomhaltóir

Ag baint úsáide as na moltaí a eascróidh as athbhreithniú an bhranda i 2007, déanfaidh Turasóireacht Éireann ábhair margaíochta den chéad scoth a chruthú, a fhorbairt agus a leasú go leanúnach le cinntiú go mbeidh Branda Thurasóireacht Éireann chun tosaigh i gcónaí i margaíocht na turasóireachta agus go mbeidh ar chumas ár n-oifigí margaíochta an tionchar agus an suntas is mó a bhaint amach.

Déanfar iarracht ár gcaidreamh lenár gcustaiméirí a dhoimhniú sa chumarsáid margaíochta, le tacaíocht ó fhorfheidhmiú chlár um Bhainistiú Eispeireas an Chustaiméara. Díreofar ar eispeireas pearsanta a dhéanamh de gach leibhéal den mheascán.

Leanfaidh muid orainn ag comhtháthú ár ngníomhaíocht margaíochta agus úsáidfear meascán de mheáin mhargaíochta chun díríú ar na hionchais is fearr inár gcroímhargaí. Gheofar poiblíocht do gach forbairt agus gach ócáid shuntasach ar oileán na hÉireann sna meáin is tábhachtaí inár margaí idirnáisiúnta.

Beidh Turasóireacht Éireann ag díriú ar an gcumarsáid ríomhaireachta agus digiteach chun teagmháil a dhéanamh le custaiméirí, iad a mhealladh agus iad a éascú. Beidh Turasóireacht Éireann ag súil lena chaiteachas ar mhargaíocht dhigiteach agus ar fhorbairt Idirlín a mhéadú ó 14% i 2007 go timpeall an ceathrú cuid dár mbuisead margaíochta faoin mbliain 2010, méadú beagnach 80%. Déanfar athbhreithniú ar an sprioc seo i bhfianaise an straitéis nua cumarsáid mhargaíochta agus nuair a bhíonn athbhreithniú an bhranda déanta.

Beidh forbairt leanúnach á dhéanamh ar láithreacht ghréasáin Thurasóireacht Éireann mar shuíomh den chéad rogha do na ranna éagsúla dár margaí tomhaltóra ag gach céim de phróiseas cinnteoireachta an tomhaltóra. Cuirfimid tairseach idirlín den chéad scoth ar fáil ar mhaithe leis an idirghníomhaíocht idir an tionscal agus na tomhaltóirí a éascú agus chun táirgí turasóireachta an oileáin go léir a thaispeáint ar fhuinneog siopa an domhain.

Méadóidh Turasóireacht Éireann an úsáid a bhaintear as bearta éifeachtúlacht mhargaíochta chun seasamh amach san iomaíocht sna meáin thraidisiúnta margaíochta agus sna meáin atá ag teacht chun cinn ar líne agus as líne ar mhaithe leis na tomhaltóirí ionchasacha is fearr a bhaint amach.

10.1.4 Fócas Margaidh

Cloífear leis an bPlean Corparáideach roimhe seo ó thaobh athbhreithniú tréimhsiúla a dhéanamh ar an margadh sna trí bliana atá romhainn. Le cinntiú go mbeidh ár straitéisi agus ár ngníomhaíochtaí margaidh spriocdhírithe i gcónaí, déanfaimid athbhreithnithe straitéiseacha ar Mhór-roinn na hEorpa i 2008 agus sa Bhreatain i 2009 chun na deiseanna fáis is fearr a aithint.

Is í an Bhreatain an margadh is mó atá againn, agus sna trí bliana atá romhainn beidh ár bpríomhfhócas uirthi. Leanfaimid ar aghaidh le feachtais mhargaíochtaí ionas go ndéanfar ceannacháin iarbhír saoire as an leibhéal ard spéise atá ann i gcuairt a thabhairt ar oileán na hÉireann. Leanfaimid ar aghaidh leis an bhfeachtas Turasóireacht i gCarr/Saoire níos Faide sa Bhreatain chun daoine a spreagadh chun saoire níos faide a chaitheamh linn. Beimid ag obair leis an tionscal le cinntiú go mbeidh ár gcuid fógraíochta, ár gcuid margaíochta agus ár dtairiscintí cruthaitheach agus spreagúil don tomhaltóir.

Beimid ag tógáil ar an rochtain reatha aeir agus mara chun fás leanúnach a bhaint amach san Eoraip agus bainfimid leas as deiseanna margaíochta a eascróidh as seirbhísí díreacha, áisiúla iomaíocha breise. Beimid ag obair ar ár dteachtaireachtaí le cinntiú go mbeidh siad tarraingteach do thomhaltóirí éagsúla sna margaí aibí agus nua ar fud na hEorpa. Leanfaidh Turasóireacht Éireann ar aghaidh ag forbairt agus ag úsáid ardáin chomhpháirtíochta a chuirfidh ar chumas an tionscail spéis a mhúscailt agus ceannach a thiomáint.

Léirigh an t-athbhreithniú ar mhargadh Mheiriceá Thuaidh go bhfuil neart scóip ann chun tuillleadh fáis a dhéanamh ar thurasóireacht. Déanfar an fás seo a éascú trí mhéadú acmhainne agus trí bhealaí nua rochtana a fhorbairt i 2008 agus 2009 tar éis do SAM agus an AE teacht ar chomhaontú 'Spéartha Oscailte'. Beidh gníomhaíochtaí margaíochta Thurasóireacht Éireann dírithe ar na 15 DMA (Ceantair Chathracha) ina bhfuil na hionchais is fearr don oileáin. Beidh teachtaireachtaí níos áitithí agus beidh sé d'aidhm againn úsáid níos éifeachtúla a bhaint as na meáin thraidisiúnta agus nua.

Tar éis dúinn athbhreithniú a dhéanamh ar Mhargaí Nua agus ag Forbairt, beimid ag díriú ar sciar an mhargaidh ó mhargaí cianaistir ar nós na Sine, na hIndia, na Seapáine agus na hAfraice Theas a mhéadú, mar go bhfuil siad seo i measc na margaí is tapúla fáis ar domhan. Beimid ag díriú chomh maith ar Thíortha Comhoibre Murascaile mar go bhfuil deiseanna rochtana díreacha againn chucu agus déanfaimid láithreacht 'fhíorúil' a fhorbairt ar líne i margaí níos lú ar mhaithe le leathnú amach sa todhchaí.

10.2 Straitéis do Thuaisceart Éireann

Beidh an ghné seo dár sainordú á sheachadadh go leanúnach againn trí Thuaisceart Éireann a chun chun cinn go bríomhar i gcomhthéacs oileán na hÉireann. Leanfaidh muid orainn ag cruthú agus ag seachadadh clár margaíochta spriocdhírithe thar lear i gcomhar le Bord Turasóireachta Thuaisceart Éireann, le tionscal na turasóireachta i dTuaisceart Éireann agus le lucht trádála inár spriocmhargaí. Beidh siad seo a leanas i measc na mbearta:

- Mórghné a dhéanamh de Thuaisceart Éireann i réimse iomlán margaíochta oileán na hÉireann.
- Gníomhaíocht bheartach a úsáid chun Tuaisceart Éireann a chur chun cinn i margaí roghnaithe chun tomhaltóirí a bhogadh ó spéis go ceannach.
- Tionscal Thuaisceart Éireann a spreagadh le dreasachtaí chun níos mó rannpháirtíochta a ghlacadh i margaíocht thar sáile.
- Gníomhaíochta a dhíriú ar dheiseanna rochtana go Tuaisceart Éireann.
- Obair le Bord Turasóireachta Thuaisceart Éireann chun a straitéis a fhorfheidhmiú agus na Tionscadail Síniúcháin agus na Téamaí Buacacha a chur chun cinn.
- Leanfaimid ar aghaidh leis an bhfeachtas Turasóireacht i gCarr/saoire níos Faide sa Bhreatain chun daoine a spreagadh chun saoire níos faide a chaitheamh linn.
- Monatóireacht ar spéis i dTuaisceart Éireann trí thaighde Rianú Branda a scrúdóidh cuimhne fógraíochta i measc tomhaltóirí faoi fhógraí a dhíríonn go sonrach ar Thuaisceart Éireann.
- Leas a bhaint as na deiseanna a eascraíonn ó fhógraí a rinne Aer Lingus, Ryanair, Easyjet agus Jet2 le déanaí agus ar na leibhéil rochtana atá ann cheana féin chomh maith.

10.3 Straitéis Réigiúnach

Tá dáileadh réigiúnach na turasóireachta ar cheann de na ceisteanna is práinní sa Deisceart faoi láthair. Ó bheith ina ábhar deighilte idir 'Oirthear agus Iarthar' is deighilt idir 'Cathair agus Tuath' atá ann anois. D'athraigh patrúin na dtomhaltóirí go saoire níos giorra agus níos mó úsáide á bhaint as an Idirlíon agus as iompróirí ísealchostais. Tá fianaise faoin gclaonadh seo le feiceáil sa mhéadú ar áirithintí a dhéanann cuairteoirí ar an Idirlíon ar shaoire ghearr go dtí na príomhchathracha agus na bailte a bhfuil rochtain dhíreach ar fáil chucu. Díreoidh Turasóireacht éireann ar ghníomhaíocht shonrach margaíochta réigiúnach chun an cuspóir seo a sheachadadh. Beidh an straitéis comhdhéanta de:

- Aird a dhíriú ar Réigiúin sa Deisceart agus ar ghnéithe suntasacha tuaithe i réimse iomlán margaíochta oileán na hÉireann.
- Tabhairt faoi ghníomhaíocht bheartach margaíochta chun 'rudaí le déanamh' a chur chun cinn i réigiúin éagsúla sa Deisceart.
- Feachtais a reachtáil a dhíreoidh go sonrach ar théamaí réigiúnacha.
- Leanúint ar aghaidh leis an bhfeachtas Turasóireacht i gCarr/saoire níos Faide sa Bhreatain chun daoine a spreagadh chun saoire níos faide a chaitheamh linn.
- Dul i bpáirt le Fáilte Éireann agus leis na boird réigiúnacha i mBaile Átha Cliath agus sa tSionnain, chun straitéisí comhordiathe réigiúnacha a fhorbairt chun an fás a thiomáint.
- Obair le Fáilte Éirenn chun a straitéis táirgí a fhorfheidhmiú agus chun a bhfeachtais margaíochta agus fógraíochta a sheachadadh.
- Obair le hAerfoirt Iarthar na hÉireann agus na Sionnaine chun an tIarthar a chur chun cinn i ré na Spéartha Oscailte.

10.4 Straitéis Rochtana

Tá oileán na hÉireann ag brath níos mó ar sheirbhísí áisiúla, iomaíocha díreacha a bheith ar fáil ná mar atá formhór na dtíortha. Tá réimse roghanna taistil ar fáil do mhórán dár n-iomaitheoirí Eorpacha (aer, muir, iarnród agus bóthar), ach tá oileán na hÉireann ag brath go hiomlán ar rochtain aeir agus mara. Cé go bhfuil seirbhís mhaith againn le hardacmhainneacht ar bhealaí mara ón mBreatain, táimid ag brath go han-mhór ar rochtain aer, an modh taistil a roghnaíonn timpeall 80% de na cuairteoirí. Cé go bhfuil sciar den mhargadh bainte ag seirbhísi aeir ón rochtain mhara, tá comhartha ann go bhfuil rochtain mhara ag teacht chuici féin aris. Le linn saolré Phlean Corparáideach 2005-2007, rinne muid iarracht an margadh a thagann i gcarr a spreagadh, agus tá athstruchtúrú déanta ag na farantóirí ar a ngnó chun dul san iomaíocht leis na hiompróirí ísealchostais.

Is cuid bhunúsach d'fhás na turasóireachta agus d'fhorbairt na réigiún agus Thuaisceart Éireann ina iomláine í an fhorbairt rochtana. Leanfaidh muid orainn ag aithint agus ag baint leasa as deiseanna margaíochta a eascraíonn as seirbhísí breise áisiúla iomaíocha. Cuirfear aird ar na nithe seo a leanas i mbearta rochtana Thurasóireacht Éireann do 2008-2010:

- Leas a bhaint as deiseanna a thugann na leibhéil reatha rochtana chomh maith le deiseanna margaíochta na todhchaí a aithint agus a úsáid.
- Bearnaí rochtana aeir agus mara a aithint agus obair leis na hiompróirí chun iad a líonadh.

- Comhoibriú margaíochta a fhorbairt do bhealaí a mbaineann tábhacht straitéiseach leo, go háirithe iad sin a chuireann rochtain ar fáil go Tuaisceart Éireann agus chuig na réigiúin.

10.5 Straitéis Trádála

Mar nach mbíonn seirbhísí ná táirgí ina seilbh ag boird turasóireachta de ghnáth, bíonn comhpháirtithe tionscail ag teastáil uathu chun tomhaltóirí a mhealladh chun saoire a chur in áirithe. Tá Turasóireacht Éireann dírithe ar chustaiméirí ionchasacha a mhealladh go pointe an cheannacháin agus obair i gcomhar leis an tionscal chun ardáin a fhorbairt dóibh chun táirgí incheannaithe a sholáthar do na tomhaltóirí. Sna trí bliana atá romhainn beidh Turasóireacht Éireann ag díriú ar ardáin gnó atá éifeachtúil ó thaobh costais a sholáthar, agus atá ábhartha agus mealltach go leor chun go mbeidh fonn ar an tomhaltóir saoire ar oileán na hÉireann a cheannach.

Beidh an straitéis don tionscal do 2008-2010 ag díriú ar na nithe seo a leanas:

- Deiseanna agus ardáin oiriúnacha a sholáthar chun níos mó rannpháirtíochta a spreagadh in imeachtaí ón tionscal.
- Ardáin chomhtháite margaíochta ar líne agus as líne a sholáthar don tionscal, as Éirinn agus thar lear, chun spéis a spreagadh agus ceannach a thiomáint.
- Na bealaí margaíochta is oiriúnaí agus is déanaí a úsáid chun táirgí oileán na hÉireann a chur chun cinn.
- Tionscal Thuaisceart Éireann a spreagadh chun níos mó rannpháirtíochta a ghlacadh i margaíocht thar sáile.
- Tuiscint agus treoir a sholáthar do lucht trádála faoi tháirgí agus faoi bhealaí margaíochta a fhreastalóidh go maith orthu i margaí thar sáile.

10.6 Straitéis Tacaíochta

Feidhmeoidh Turasóireacht Éireann chun tacaíocht a thabhairt do thomhaltóirí agus do lucht trádála ón iasacht trí éabhlóid bhranda na hÉireann, agus riachtanais agus treochtaí tomhaltóra a chur in iúl don tionscal, maille le léargas ar eispeireas na turasóireachta ar an oileán. Déanfaimid iarracht ghníomhach chun sineirge a fhorbairt le gníomhaireachtaí poiblí eile in earnálacha ar nós trádáil, infheistíocht agus cur chun cinn an chultúir. Beimid ag obair leis an dá ghníomhaireacht rialtais, Fáilte Éireann agus Bord Turasóireachta Thuaisceart Éireann, chun teachtaireachtaí soiléire a sheachadadh don tionscal.

Beidh ár straitéis tacaíochta do 2008-2010 ag díriú ar na nithe seo a leanas:

- An tionscal a spreagadh chun eispeiris nua, fíora, saibhriúla agus sonracha a chruthú chun éileamh an tomhaltóra a shású.
- An tionscal a spreagadh chun táirgí a bhraisliú chun réimse leathan nithe le déanamh a thairiscint don tomhaltóir.
- Obair le gníomhaireachtaí turasóireachta agus le daoine eile chun dul i ngleic le saincheisteanna ionchasacha caighdeáin ar bith agus chun táirgí a fhorbairt chun Lucht Iarrtha Radharcanna agus Cultúir go háirithe a mhealladh.
- Na gníomhaireachtaí turasóireachta agus an tionscal a spreagadh chun an fháilte fhial a chaomhnú trí oiliúint agus forbairt a fheabhsú.
- Monatóireacht a dhéanamh ar aiseolas tomhaltóra maidir le praghas agus luach a n-eispeireas saoire in Éirinn.
- Feabhsú ar bhonneagar fisiciúil oileán na hÉireann a spreagadh.
- Monatóireacht a dhéanamh ar imní na dtomhaltóirí faoin gcomhshaol domhanda, faoi athrú aeráide agus faoi astaíocha carbóin chun a dtionchar ar chinní maidir le taisteal thar lear a dheimhniú.

10.7 Straitéis Chumais

Chun a spriocanna agus a straitéisa sheachadadh, beidh daoine, córais agus próisis bhríomhara sholúbtha ag teastáil ó Thurasóireacht Éireann, agus an cumas chun athrú i dtimpeallacht gnó atá ag athrú go mear faoi láthair.

Beimid ag díriú go leanúnach ar chumas na heagraíochta chun an straitéis a sheachadadh a neartú trí fhorbairt a dhéanamh ar ár n-acmhainní daonna, bainistiú éifeachtúil a dhéanamh ar ár n-acmhainní airgeadais agus úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí agus próisis nua. Cuirfidh Turasóireacht Éireann na bearta seo a leanas i gcrích:

- Cuirfimid ár n-athbhreithniú eagrúcháin reatha i bhfeidhm, ag díriú ar earcaíocht, agus ar ár n-acmhainní daonna a choinneáil agus a fhorbairt.
- Éifeachtúlacht a sheachadadh trí úsáid níos fearr a bhaint as teicneolaíochtaí nua i gníomhaíochtaí oibriúcháin laehtúla agus i seachadadh ár gclár leitheadach margaíochta.
- Luach airgid a sheachadadh trí mheasúnú agus oiriúnú leanúnach ar ár gníomhaíochtaí.

11 Clár Corparáideach

Tabharfaidh Turasóireacht Éireann faoi chlár corparáideach de ghníomhaíochta bunaithe go lárnach, chun meicníochtaí cumasúcháin a sheachadadh ar mhaithe lenár spriocanna uaillmhianacha a bhaint amach. Beidh Turasóireacht Éireann ag súíl leis na nithe seo lenas a bhaint amach ina Chlár Corparáideach do Phlean Corparáideach 2008-2010.

11.1 Acmhainní Daonna

Tá na daoine cearta, sna poist chearta ag teastáil ó eagraíocht ag an am ceart chun cláir mhargaíochta den chéad scoh a sheachadadh. Aithníonn Turasóireacht Éireann gurb iad na baill foirne an acmhainn is mó atá acu agus táthar tiomanta don infheistíocht i scileanna bainistíochta agus margaíochta. Tá solúbthacht curtha ag Turasóireacht Éireann ina oibriúcháin agus ina ngníomhaíochtaí margaíochta araon trína Athbhreithnithe Eagrúcháin, ar mhaithe le freagairt d'aon athrú a bheith riachtanach amach anseo.

Bíonn os cionn seachtó faoin gcéad dár bhfoireann bhuan, idir chéimithe, mhic léinn agus ghníomhairí ginearálta díolúcháin ag obair chun ár gcláir éagsúla margaíochta a sheachadadh inár n-oifigí thar sáile. Bíonn an chuid eile dár bhfostaithe ag obair inár n-oifigí i mBaile Átha Cliath agus i gCúil Raithin i rólanna cumasúcháin lena n-áírítear Tuaisceart Éireann, forbairt réigiúnach agus rochtana, ríomh-mhargaíocht, margaíocht dhíreach, dáiliúchán, fiosraithe custaiméirí, teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide, forbairt agus léargais straitéiseacha, airgeadas, cumarsáid chorparáideach agus tionscail, acmhainní daonna agus cumarsáid mhargaíochta.

Beidh dúshláín nua romhain agus tosca comhshaoil ag cur isteach ar dhaoine agus ar an eagraíocht le linn saolré an phlean seo. Tá an dara athbhreithniú eagrúcháin curtha i gcrích againn le cinntiú go mbeidh an tacar riachtanach scileanna ag Turasóireacht Éireann chun freagairt do na hathruithe sa mhargadh sna blianta atá romhainn. Cuirfidh muid torthaí an athbhreithnithe i bhfeidhm le linn tréimhse an Phlean Corparáidigh seo.

Tá Turasóireacht Éireann dírithe ar ár gcultúr feidhmiúcháin a fheabhsú trí chlár forbartha bainistíochta agus trí chóras bainistiú feidhmíochta 'U-Perform' agus creat inniúlachta a úsáid. Leanfar le 4% dár mbuiséad bliantúil pá a infheistiú i bhforbairt scileanna i réimsí ar nós scileanna margaíochta agus teicneolaíochta. Tá cláir oiliúna á dtairiscint go gach ball foirne ag gach leibhéal san eagraíocht. Leanfaimid orainn le forfheidhmiú ár gclár forbartha bainistíochta agus cuirfear béim ar leith ar scileanna cinnireachta agus bainistiú acmhainní.

11.2 Bainistíocht Airgeadais

Déanfar tuilleadh forbartha ar an gcóras airgeadais chun maoirseacht leanúnach éifeachtúil na gcistí a chinntiú. Leanfar le forfheidhmiú éifeachtúil ar bhainistiú riosca agus ar chláir inniúchóireachta inmheánacha trí idirghabháil leis an gCoiste Bainistiú Riosca.

11.3 Rialachas Corparáideach

Leanfaidh an Bord ar aghaidh ag tiomáint na gcaighdeán rialachas corparáideacha is airde i dTurasóireacht Éireann de réir na treorach atá tugtha ag an CATT. D'fhorbair an chuideachta na caighdeáin Rialachais Corparáideacha is airde ar fad le trí bliana anuas, agus glacadh chomh maith le cur chuige Bainistiú Riosca. Tá foinse allamuigh faighte don fheidhm inniúchóireachta inmheánach agus tugtar tuairiscí go rialta don Choiste Bainistiú Riosca atá ina Fhochoiste den Bhord. Chomh maith sin tionóltar cruinnithe go rialta le ranna Rialtais a dhéanann urraíocht orainn chun saincheisteanna atá ábhartha don dá dhlínse a phlé. Tá glactha le meabhrán leasaithe airgeadais a chuireann na forbairtí is déanaí agus an taithí sa dá dhlínse san áireamh. Beidh tuillleadh forbairtí ann sna trí bliana atá romhainn, lena n-áirítear:

- Tógáil ar an gcaidreamh atá ann cheana leis na Ranna a dhéanann urraíocht orthu, le Ranna Airgeadais agus leis an gComhairle Aireachta Thuaidh Theas le cinntiú go ndéantar géilliúntas a fhorbairt de réir na riachtanas um rialachas corparáideach sa dá dhlínse.
- Forbairt leanúnach a dhéanamh ar mheamram airgeadais na Cuideachta.

11.4 Forbairtí agus Léargais Straitéise

Ní féidir a thuar conas cén fhorbairt a bheidh ar an turasóireacht dhomhanda sna trí bliana atá romhainn agus cuirfidh Turasóireacht Éireann treoir ar fáil don tionscal sa tréimhse athraithe seo trína léargas agus trína cinnireacht straitéiseach maraon leis an gcleachtas margaíochta is fearrr a chomhroinnt ionas go mbeidh an t-oileán in ann leanúint ar aghaidh ag fás ag leibhéal níos fearr na leibhéil dhomhanda agus Eorpacha. Ar mhaithe a bheith chun tosaigh mar eagraíocht margaíochta ceann scríbe den chéad scoth úsáidfimid na heagraíochtaí is fearr inár réimse mar thagarmharcanna.

Cabhróimid chun na spriocanna uaillmhianacha a sheachadadh trí dhoimhneacht na léargas ar na margaí agus ar na custaiméirí ina bhfuil na hionchais is fearr agus ar an timpeallacht margaíochta. Déanfaimid athbhreithniú ar an bfhócas deighilte le cinntiú go bhfuilimid ag díriú i gcónaí ar an

gcustaiméir cuí. Cuirfimid ár dteachtaireacht agus ár gcuid gníomhaíochta in oiriúint do na réimsí is mó ionchais ó thaobh ioncaim agus fás ar líon turasóirí.

Cuirfimid treoir ar fáil don tionscal, do Fháilte Éireann agus do Bhord Turasóireachta Thuaisceart Éireann faoi réimsí deiseanna thar lear agus cabhrófar le soláthróirí táirgí agus seirbhísí rochtain a fháil ar chustaiméirí thar lear.

11.5 Cumarsáid Chorparáideach agus Tionscail

Beidh bealaí cumarsáide á bhforbairt go leanúnach ag Turasóireacht Éireann leis an dá ghníomhaireacht náisiúnta turasóireachta agus lenár gcomhpháirtithe sa tionscal ar oileán na hÉireann agus sa mhargadh. Bainfear úsáid níos mó as teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide ar nós eislíon tionscail agus láithreán corparáideach gréasáin.

Tá sé ríthábhachtach go mbeidh tacaíocht an tionscail againn dár gclár margaíochta, ó dhreamanna atá bunaithe in Éirinn agus thar lear. Déanfaimid cumarsáid éifeachtúil a chothabháil tríd an gComhpháirtíocht Margaíochta Turasóireachta agus bealaí eile le cinntiú go gcuirfear tuairimí na ngrúpaí leasmhara is tábhachtaí san áireamh inár gcuid pleanála.

Tá Turasóireacht Éireann tiomanta chomh maith do phróifíl chorparáideach na heagraíochta a fhorbairt go leanúnach ar an oileán agus thar lear.

Chomh maith leis sin, beidh seirbhís phras éifeachtúil á chur ar fáil go leanúnach againn do na ranna rialtais a dhéanann urraíocht orainn ó thaobh ceisteanna Parlaiminte/Tionóil agus cruinnithe faisnéise.

11.6 Próiseas agus Córais

Ní mór d'eagraíocht próisis agus córais chuí a bheith aici chun clár margaíochta den chéad scoth a sheachadadh. Tá an teicneolaíocht ag forbairt go mear agus ní mór do Thurasóireacht Éireann uirlisí margaíochta a fhorbairt ionas go mbeidh muid in ann freagairt do na hathruithe. Táimid tiomanta do na nithe seo a leanas a sheachadadh sna trí bliana atá romhainn:

- Deiseanna a sholáthar do thomhaltóirí chun freagairt dár gcuid feachtsa trínár n-ionad teagmhála le glaonna, ríomhphoist agus modhanna nuálacha teagmhála. Gheobhaimid Bainistiú Caidreamh Custaiméirí nua don eagraíocht a thabharfaidh tacaíocht don straitéis idirghabhála custaiméirí atá againn agus cuirfimid i bhfeidhm é.

- Foilseacháin tomhaltóra Thurasóireacht Éireann, ar nós an príomhleabhar margaidh agus na treorachacha táirgí a tháirgeadh agus a dháileadh i meáin chlóite agus digiteacha araon do thomhaltóirí agus do thaispeántais agus d'fheachtais fógraíochta thar lear agus do thomhaltóirí.
- Seirbhís mhargaíochta dhíreach lárnach a sholáthar, lena n-áirítear dearadh, feidhmiú agus bainistiú feachtais do na margaí sin a éilíonn é, agus fóram a sholáthar chomh maith do staidéir ar chásanna den chleachtas is fearr agus de mhargaíocht dhíreach don eagraíocht go ginearálta.
- Feabhas leanúnach a dhéanamh ar ár mbonneagar agus ar ár gcórais Faisnéise, Cumarsáide agus Teicneolaíochta.
- Foireann lárnach Ríomh-mhargaíochta a sholáthar chun bainistiú a dhéanamh ar fhorbairt ghréasáin agus chun sócmhainní ríomh-mhargaíochta a fhorbairt le cur i bhfeidhm i margaí thar lear. Cuirfidh an fhoireann fóram don chleachtas is fearr ar fáil agus beidh ionad lárnach aici mar Ionad Barr Feabhais chun scileanna ár n-eagraíochta a fhorbairt.

11.7 Gréasán Oifigí

Chun iomaíocht a dhéanamh i margadh ina bhfuil an iomaíocht ag méadú de shíor, leanfaidh Turasóireacht Éireann lena measúnú ar oibriúcháin ár margaidh agus ár gceannoifige le cinntiú go mbeidh an t-eagrúchán is fearr ar gach roinn agus margadh d'fhonn na deiseanna inár margaí thar sáile a uasmhéadú.

I rith saolré an phlean seo, beidh Straitéis na Margaí Nua agus na Margaí ag Forbairt á fhorfheidhmiú againn, agus déanfar tuillleadh forbartha ar ár ngréasán san Áise lena n-áirítear moloifig Áiseach Thurasóireacht Éireann a oscailt. Beidh athruithe eile ag teacht chun cinn inár ngréasán ar bhonn cás ar chás agus déanfar measúnú orthu de réir riachtanais leanúnacha gnó

12. Riachtanais Acmhainní

Tá bailchríoch á chur ag Ranna Rialtais ar na sonraí seo.

14. Conclúid

Is tionscal riachtanach í an turasóireacht d'oileán na hÉireann ag leibhéil éagsúla – eacnamaíoch, sóisialta, spásúil agus cultúrtha. Bhain ríthábhacht léi maidir le eacnamaíochtaí agus daonraí a bhuanú ar fud oileán na hÉireann.

Cuireann sé le leibhéal an chaiteachas tomhaltóra, agus dá réir sin cruthaíonn sé níos mó gnó do mhórán fiontar. Tacaíonn sé le leibhéil arda fostaíochta ar fud na heacnamaíochta. Cuireann sé cobhsaíocht i gcomhordú na n-íocaíochtaí. Agus ar deireadh thiar, gineann sé sruthanna suntasacha ioncam cánach do na státchistí.

Trí Éire a dhíol ar bhonn uile-oileáin agus leas a bhaint as a bhfuil le tairiscint ag Tuaisceart agus Deisceart don tomhaltóir, tá sé ar chumas na turasóireachta anois tairiscint níos iomláine a dhéanamh. I gcomhthéacs eacnamaíocht uile-oileáin, aithnítear go bhfuil an turasóireacht ar cheann de na tionscail is tábhachtaí a chuirfidh fíorthorthaí intomhaiste ar fáil.

Thar saolré an Phlean Corparáidigh 2008-2010, táthar ag súil go mbeidh ioncaim turasóireachta sa réimse €15.7m/£10.5 billiún go €16.1/£10.8 billiún tuilllte ag an oileán as an turasóireacht agus go mbeidh 29.5 go 30.2 milliún cuairteoir agus 13.7 go 14.1 milliún cuairteoir so-mhargaithe seachadta aige.

Tá Turasóireacht ar aon intinn leis an tionscal ar an oileán agus leis an dá rialtas, ó Thuaidh agus ó Dheas, go bhfuil todhchaí dhearfach ann agus gur féidir dul i ngleic go rathúil leis na dúshláin, agus go mbeidh ioncam turasóireachta agus líon na dturasóirí ag sárú leibhéil feidhmíochta na hEorpa agus an Domhain sna blianta atá romhainn.

Beidh an rath seo ag brath go príomha ar na nithe seo a leanas:

- Infheistíocht leanúnach ó na hearnálacha poiblí agus príobháideacha araon.
- Fócas gan staonadh ar iomaíochas.
- Cur chun cinn den scoth chun a bheith chun tosaigh san iomaíochas

Beidh forfheidmiú an phlean seo, maille leis na forbairtí eile beartais atá ar bun ag na boird turasóireachta agus ag na rialtaisí, mar thaca don tionscal chun ár spriocanna a bhaint amach agus ardán a chruthú chun sciar níos mó den mhargadh domhanda a bhaint amach sna blianta atá romhainn.